



An Caomhnóir

Nuachtlitir Fhondúireacht an Bhlascaoid 2018 Uimh. 38 €5.00

Domhnall Mac Síthigh
(Danny Sheehy)
1951-2017

*Céim mhór chun cinn
dhá thigh ar an Oileán
a bheith athchóirithe
ar ardchaighdeán.*



Tigh Thomáis Uí
Chriomthain, An
tOileánach, mar a bhí
roimh an athchóiriú
agus mar atá anois
(féach lgh 8-9).




Tobar na Croise



Aifreann an Oileáin



Snámh na Saoirse




Ray Stagles
1923-2016

Focal ón gCathaoirleach

Ó 1985, bliain a bunaithe, tá an Fhondúireacht ag treabhadh léi ag iarraidh a haidhmeanna a thabhairt chun críche go foirfe.

Is iontach go bhfuil na treoraithe san Oileán i gcaitheamh an tsamhraidh agus go bhfuil obair dheisiúcháin ar dhá thigh san oileán tabhartha chun críche. Tá géarghá le ionad buan leis na háiseanna cuí a bheith ar fáil des na treoraithe. Tá gá i gcónaí le infheistíocht cheart a dhéanamh sna céanna agus ar ndóigh sealúchais a cheannach ar an mBlascaod de réir mar a thagann siad ar an margadh. Ar ndóigh, is é an sprioc atá againn go léir ná Páirc Náisiúnta Stairiúil agus Stádas Oidhreachta Domhanda a bhaint amach don Oileán.

Uair amháin eile tréaslaímid ó chroí le Coiste an Cheiliúrtha – comhfhiontar idir sinn féin agus Ionad an Bhlascaoid agus Oidhrecht Chorca Dhuibhne. Bhí ard-dheireadh seachtaine againn i mbliana ag cíoradh “Leigheas na Muintire agus Sláinte an Phobail” agus níl amhras ná gur bhain an slua mór a d’fhreastail air idir thairbhe agus thaitneamh as. Cheana féin, táthar ag prapáil do cheiliúradh 2018 agus súil ag an gCoiste go mbeidh caidé tacaíocht acu ón bpobal chuige sin.



Guímid gach rath ar Dháithí de Mórdha ina phost nua le RTÉ Raidió na Gaeltachta. Bhí Dáithí ina Stiúrthóir ar Ionad an Bhlascaoid agus blianta caite aige roimhis sin ag obair go dian dícheallach san Ionad agus an-chur amach aige ar chúrsaí an Oileáin trí chéile.

Ba dheas linn an deis a thógaint, freisin, chun buíochas a ghabháil le clann agus cairde an Dr. Mhichíl Uí Chearna, nach maireann, as a bhflaithiúlacht leanúnach ag cur Sparánacht an Bhlascaoid ar fáil dár n-ógánaigh, agus deimimid comhghairdeas le buaiteoirí na bliana seo, Róisín Ní Bheaglaóí agus Faolán Dáibhís.

Buíochas leo siúd go léir a chabhraíonn leis an gCeiliúradh nó leis an gCaomhnóir in aon tslí. Buíochas ó chroí freisin le Doncha Ó Conchúir agus le foireann an Ionaid as ucht a ndúthrachta agus a gcomhoibríthe.

“Go mbeirimid go léir beo ag an am seo arís”.

– Pádraig Firtéar



Pádraig Firtéar, Cathaoirleach na Fondúireachta, le Róisín Ní Bheaglaóí agus Faolán Dáibhís.

An Caomhnóir © 2018

Foilsithe ag Fondúireacht an Bhlascaoid le tacaíocht Oifig na nOibreacha Poiblí.

Seoladh Teagmhála

Fondúireacht an Bhlascaoid
f.ch. Ionad an Bhlascaoid,
Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.

In eagar ag

Bernie Firtéar agus Máire Uí Ainín.
Clóchur 7 Dearadh: Inné, Dún Chaoin.
Clóidóirí: Kingdom Printers, Trá Lí.

Pictiúir

Bosc Ó Conchúir, Lorcán Ó
Cuinneagáin, Bernie Firtéar, Doncha Ó
Conchúir, Ted Creedon, Robert
Brummett, Gearóid Ó Cathasaigh.

SAN EAGRÁN SEO

Ceiliúradh an Bhlascaoid 2016	3
Seoladh Iris 2016	5
Sparánachtaí	6
Snámh na Saoirse	7
Tithe an Oileáin Athchóirithe	8
Trí Bhearna an Dorais	10
Tobar na Croise	12
Aifreann an Oileáin	16
Danny (Domhnall Mac Síthigh)	18
Andrew Jacob	22
Imeachtaí san Ionad 2017	23
Ray Stagles	24
Donnchadh Ó Corráin	25
Basket, mein Basket	27

Coiste Fhondúireacht an Bhlascaoid

Pádraig Firtéar (Cathaoirleach)

Lorcán Ó Cinnéide (Rúnaí)

Máire Uí Ainín (Cisteoir)

Mícheál Ó Cinnéide, Bernie Firtéar,
Gearóid Ó Cinnéide, Máirín Ní Bhroin

Frances Uí Chinnéide

Máirín Ní Laoithe-Uí Shé

Coiste Cheiliúradh an Bhlascaoid

An Dr Tomás L. Ó Murchú

(Cathaoirleach)

Máirín Ní Laoithe-Uí Shé

(Leas-Chathaoirleach)

Máire Uí Ainín (Rúnaí)

Bernie Firtéar (Cisteoir)

Máirín Ní Bhroin, Doncha Ó Conchúir,

Máire Ní Scannláin (OCD).

An Dr. Billy Mag Fhloinn,

An Dr. Aoife Granville

“Leigheas na Muintire agus Sláinte an Phobail” Ceiliúradh an Bhlascaoid 2017

Tá Ceiliúradh an Bhlascaoid seasmhach mar chuid de chlár ama imeachtaí cultúrtha Chorca Dhuibhne faoin tráth seo agus é sin bunaithe ar sárchaighdeán ábhair agus sáróbair ag an gCoiste atá ina bhun ó bhliain go bliain. Mar aon le haon fhoireann caide, bíonn daoine nua ag teacht chun cinn agus seanfhondúirí ag cúlú ach is léir ón 22ú Ceiliúradh a tionóladh ar an 22 go dtí an 24 Meán Fómhair 2017 in Ionad an Bhlascaoid go leanann an ardobair ar aghaidh.

“Leigheas na Muintire agus Sláinte an Phobail” téama na bliana 2017, agus má cheap aon duine go bhfuil scéal an Bhlascaoid ná na leathinse inste, ba chruthúnas arís é an deireadh seachtaine thar a bheith suimiúil seo gur mó cloch atá le hiompú fós!



Is é an Dr. Tomás L. Ó Murchú a bhí i gceannas na hócáide mar chathaoirleach, agus chuir sé comthéacs ar na himeachtaí agus é ag trácht roimh ré ar an gCeiliúradh agus é i mbun cainte ar an Saol ó

Dheas ar Raidió na Gaeltachta: “’sea is fearr a thuigeann an duine an stair, a chúlra, cad as a dtagann sé, ’sea is fearr a thuigfidh sé é féin inniu.” Níl aon amhras ach gur sheol na cainteoirí ar fad a bhí i láthair i dtreo na tuisceana sin agus bhain gach duine a bhí páirteach tairbhe agus sásamh as.



Bhí an Dr. Pádraig O Héalaí ar an aoí chainteoir a chuir tús leis an gCeiliúradh, lena chaint “Toise na Draíochta sa Leigheas Traidisiúnta”, tugtha uaidh mar is gnách le máistreacht ar an ábhar agus ní beag grinn! Ag tarraingt ar fhoinsí agus ar fhianaise ón seanachas, ag díriú ar nósanna, piseógacha agus an t-ósnádúr, thug Pádraig ar thuras gloite a lucht éisteachta ina chaint.

Bronnadh Sparánachtaí an Bhlascaoid 2017 ar bheirt scoláirí as Pobalscoil Chorca Dhuibhne mar chuid d’imeachtaí an Cheiliúrtha. Sin iad Róisín Ní Bheaglaóí as Baile an Mhúraigh agus Faolán Dáibhís ón Riasc. Déanfaidh an Sparánacht cabhair dóibh is iad ag scaoileadh faoi shaol ollscolaíochta, Róisín in Ollscoil Chorcaí agus Faolán i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. Tugadh chun cuimhne focail an Dr. Michíl Uí Cheárna, a bhunaigh an Sparánacht, le linn na hócáide: “Pé

rud a dhéanfaidh tú – dein i gceart é!” agus ní baol don bheirt bhuaiteoirí mar atá cruthaithe go dtí seo acu.

Bhí tionlacan ceoil ó Tommy Ó Conchúir agus Micheál Ó Cinnéide



agus níos déanaí ó Chiarán agus Eoin Mac Gearailt a chuir go mór le himeachtaí an tráthnóna. Bhí deis ag an tinreamh soláistí agus comhrá a bheith acu mar chlabhsúr ar an gcéad oíche. Is i dTigh Khruger a bhí seisiún ceoil an tSathairn.

Bhí trí shárchaint ar an Satharn, tugtha ag an údar Máirín Uí Chonchubhair, Tomás L Ó Murchú é



féin agus ag an Dr. Ríonach Uí Ógáin. Bhain caint Máirín Uí Chonchubhair “Luibheanna Leighis” le húsáid luibheanna i gcúrsaí sláinte fadó, agus ba léir ó chuid den lucht éisteachta go raibh cuid desna

nósanna sin in úsáid i gcuimhne na ndaoine. Cuireadh leis an luach a bhí leis an gcaint sin nuair a bhí deis níos déanaí sa lá turas beag a dhéanamh amach faoin aer ag lorg agus ag taispeáint na luibhneanna, le **Frances Uí Chinnéide** agus **Máirín Uí Chonchubhair** mar threoraithe

Dinnseanachas an Bhlascaoid, curtha in eagar ag Tomás L Ó Murchú agus Máire Ní Dhálaigh.

B'iontach an chríoch a cuireadh le Ceiliúradh an Bhlascaoid ar an



D'éirigh go hiontach leis an gCeiliúradh. Tá an-mholadh agus buíochas tuillte ag an mbuíon díograiseach a chuireann le chéile an ócáid, coiste préamhaithe as Fondúireacht an Bhlascaoid, Ionad an Bhlascaoid agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne. Maith iad!

Buíochas dosna Cathaoirligh, lucht lónadóireachta, foireann an Ionaid agus go speisialta dosna cainteoirí a roinn ní hamháin a gcuid ama ach an dua ar fad i mbun ullmhaithe agus taighde chun cainteanna den chaighdeán is airde a roinnt leis an lucht freastail.

Buíochas gan amhras do Oifig na nOibreacha Poiblí, príomhurraí an Cheiliúrtha.

– Lorcán Ó Cinnéide

eolasacha.

Thug Tomás L. Ó Murchú léargas ar ghné eile ar fad, ag trácht ar “An Sáspan Dubh agus Deocha Seirce Eile”, nó na módhanna a usáideadh chun duine a chur fé gheasa. Ní fios go cinnte i gcónaí gur ar mhaithe le sláinte iad ar fad, ach bhí caint iontach ag Tomás orthu ar baineadh an-taitneamh as.

“Leigheas na Muintire sa Deasghnáth agus sa Phaidir” teideal na sárchainte a dhein cara fada dílis an Cheiliúrtha, Ríonach uí Ógáin. Mar atá lucht leanta an Cheiliúrtha faighte cleachtaithe leis óna turasanna minic sna blianta roimhe, bhí idir sheanachas agus scoláireacht agus cur i láthair sa chaint, a dhein iomlánú ar an gcíoradh a deineadh ar théama na deireadh seachtaine.

Ní bhéadh Ceiliúradh ann gan seoladh leabhair, agus is é Pádraig Firtéar, Cathaoirleach Fhondúireacht an Bhlascaoid, a sheol irisleabhar imeachtaí Cheiliúradh an Bhlascaoid 2016 – Seandálaíocht agus

Domhnach, 24 Meán Fomhair: léiriú amharclannaíochta ar dhráma nuachumtha ó údar agus aisteoir áitiúil, Róisín Sheehy as Baile Eagraise, dár teideal **Snámh na Saoirse**.



Athair Talún (Yarrow) Ceann de na luibhneanna is cumhachtaí chun leighis nó cosanta é seo. D'Óltaí tae láidir de chun fuil nó sileadh d'aon sórt a chosc, agus deirtí ortha “cosctha na fola”. Chuirí céirí de le créacht, at, leonadh, lasadh, fiolúin, fíocais nó aon ní faoi shileadh. D'úsáidí go forleathan é i gCorca Dhuibhne mar leigheas ar thinneas droma. (*Flóra Chorca Dhuibhne*)



Táthfhéithleann (Honeysuckle) Sa Mheanaois d'oltaí deoch de chaor an táthfhéithlín ar fhíon chun cruas liatháin a bhogadh agus feadáin a réiteach. Chreidtí go raibh sé go maith freisin do chasachtach, ghearranáil, agus luí seoil. D'úsáidí na duilleoga púdraithe le fíon in aghaidh fiabhrais. Bhíodh leigheas sna duilleoga beirithe ar lia bhuí, agus dheintí na duilleoga úra a chogaint chun tinneas fiacaile a leigheas; dheintí amhlaidh mar leigheas ar bhéal tinn nó ar dhrochanáil. (*Flóra Chorca Dhuibhne*)

Seoladh Ceiliúradh an Bhlascaoid 21

Táim sásta a bheith anseo agus pribhléid dom a dhaoine uaisle, a bheith ag seoladh iris *Ceiliúradh an Bhlascaoid 21-Seandálaíocht agus Dinnseanchas an Bhlascaoid*.


An-éigse go deo a bhí againn in 2016 agus níl amhras ná go bhfuil sé ag cur go mór leis an stór eolais agus taighde atá déanta ar shaol agus ar shaíocht na mBlascaodaí le blianta anuas, leabhar eile gleoite do Leabharlann an Bhlascaoid.

Chaith Pádraig Ó Héalaí an chaid isteach go pointeálta ag léacht na hoscailte. Míníonn sé go docht agus go praiticiúil cad is Seandálaíocht agus Dinnseanchas ann.

Cuireann Mícheál Ó Coileáin síos dúinn ar Sheandálaíocht na mBlascaodaí ina aiste ‘Ó Rinn an Chaisleáin go dtí an Feo agus Barra Liath’. Deir sé linn go raibh mainistreacha ar thrí cinn des na hoileáin. Tugann sé na tagairtí desna Blascaodaí atá ar mhapaí agus sa litríocht. Luann sé Rinn an Chaisleáin, Tobar na Croise, An Túr, Na Clocháin Gheala ar an mBlascaod Mór agus tugann sé gearrchuntas ar na hOileáin go léir.

Níl aon amhras ná go gcuireann aiste Dhomhnaill Mhic Síthigh (nach maireann, suaimhneas síoraí dá anam uasal) Dinnseanchas na mBlascaodaí tríd na Carraigeacha, Claiseanna, Cuasa agus Cnoic an béaloideas go smior os ár gcomhair. Bhí caidé taighde agus seanchais logánta bailithe agus curtha le chéile go snasta ag an Sítheach. Tobar an eolais an aiste seo agus é curtha le chéile go healaíonta, go drámatúil agus go draíochtúil. Is mór an trua nach bhféadfaí scannán a dhéanamh bunaithe air i dtreo is go mbeadh logainmneacha an Bhlascaoid beo go deo dosna glúnta atá le teacht.

An Leaca Dhubhach, Idir Eachtra agus Sean Scéal a bhí faoi chaibidil ag Criostóir Mac Cárthaigh. Cuntas ar bhá Iascairí ón Oileán ag an



bpointe seo a bhí nótálta chun iascaigh atá san aiste seo. Tá go leor insintí difriúla den eachtra seo curtha os ár gcomhair ag an gCárthach. Ní haon ionadh é seo mar de réir gach dealraimh blianta fada ó shin a tharla an eachtra seo agus ar ndóigh insintí éagsúla dá réir uirthi anuas tríd na glúnta.

Is tráthúil leis go bhfuil focail dhá amhrán ann i gcuimhne ar Éirí Amach 1916 a chan Páidí Mhárthain Mac Gearailt go binn. Siad na hamhráin sin ná ‘Marbhna Thomáis

Ághas’ agus ‘Mo Chiach mar Thána’.

In Aguisíní an leabhair tá leagan eile den scéal ‘An Leaca Dhubhach’ i.e. Párthanán na Gaoithe, a bhailigh Seosamh Ó Dálaigh ó Shéamas Beag Ó Lúing. I rith an Cheiliúrtha bhí taispeántas taibhseach againn de Chailleacha an Dúna agus tá leagan den scéal seo ann leis, a tógadh ó Sheán Ó Súilleabháin, An Blascaod Mór. Tá cur síos freisin sa leabhar seo ar óráid Dháithí de Mórdha ar ócáid sheolta *Ceiliúradh an Bhlascaoid 20 – Aimsir na nUasal*. Tá cóip d’alt ann a bhí ag Breandán Mac Gearailt san iris *Corca Dhuibhne Beo* faoi imeachtaí na deireadh seachtaine.

Ba mhaith liom tréaslú leis na scríobhnóirí go léir agus le ‘Coiscéim’ an foilsitheoir. Gan amhras gabhaim buíochas ó chroí leis na hEagarthóirí, Máire Ní Dhálaigh agus Tomás L. Ó Murchú. Dheineadar jab slachtmhar proifisiúnta agus ba thráthúil gur thiomnaíodar an leabhar seo dár seanchara, Domhnall Mac Síthigh, go méadaí Dia ar a ghlóir sna flaithis.

– Pádraig Firtéar

Lá ar an mBlascaed

Boladh láidir na mara is na trá
ag sileadh go deas bog ciúin ar an ngaoth.
Grian an tsamhraidh ag féachaint anuas fé bhláth,
áthas mór múscailte istigh i mo chroí.

Chualas guth na taoide ar an dtráigh,
guth nár chualas riamh cheana tráth,
teas na gréine ag bailiú nirt ó lá go lá,
fuacht an earraigh sleamhnaithe i bhfad uainn.

Thiteas i ngrá le mórailleacht na háite ar an lá,
na failteacha uaisle is an fharraige mhór chun trá.
Ciúnas is aibhneas na dúiche farraige mar atá,
gan ach glórshuaimhneach binn na mara ag labhairt.

Chualas an glaoch go tréan ón bhfarraige ansin;
glaoch nár chualas ariamh choíche ó shoin.
Buillí éadroma sáile na farraige ag trá,
ag síortharrac ar an ngaineamh buí bán.

© 2017 P. Ó Muircheartaigh

Sparánachtaí an Bhlascaoid 2017



Róisín Ní Bheaglaóí agus Faolán Dáibhís

Mar chuid d'imeachtaí Cheiliúradh an Bhlascaoid 2017, bhí bronnadh Sparánachtaí an Bhlascaoid na bliana seo ar Róisín Ní Bheaglaóí ó Bhaile an Mhúraigh agus Faolán Dáibhís ón Riasc, beirt iarscoláirí Phobalscoil Chorca Dhuibhne atá ag tosú amach ar chúrsaí tríú leibhéal faoi láthair.

Is é an Dr. Micheál (Maidhc) Ó Ceárna, iar-Bhlascaodach a cailleadh dhá bhliain ó shin i Springfield, Mass, a cheap scéim Sparánachta a chur ar fáil do dhaoine óga as Corca Dhuibhne atá ag tabhairt faoi staidéar ollscoile, ionas aitheantas a thabhairt do bharrfheabhais acadúil agus a dtuiscint agus suim in oidhreacht, teanga agus cultúr an cheantair. An smaoineamh a bhí ag an Dr. Ó Ceárna ná an t-aos óg a ghríosadh chun a n-oidhreacht teanga agus cultúrtha a chaomhnú agus a

chur chun cinn. Comhfhiontar idir clann Uí Cheárna agus Fondúireacht an Bhlascaoid is ea an scéim. Bhí cáil ar Mhaidhc Ó Ceárna as a shíorstocaireacht ar son phobal agus oidhreacht an Bhlascaoid le linn saoil fhada, formhór de caite i Meiriceá. Ba mhinic a thug an Dr. Ó Ceárna cuairt ar scoileanna Chorca Dhuibhne le linn a thuras rialta ar a fhód dúchais agus

bhí todhchaí na sparánachta go mór ar a aigne fiú is é ag teacht go deireadh a shaoil i 2015.

Comhairle a chuir a athair féin ar Mhaidhc is é ag fágaint an Bhlascaoid ag scaoileadh faoin saol mór ná “Pé rud a dhéanfaidh tú, dein i gceart é!” Thug Lorcán Ó Cinnéide as Fondúireacht an Bhlascaoid an chomhairle sin chun cuimhne ag ocaíd bhronnta na Sparánachtaí, á rá gur léir óna dtorthaí Ardteiste agus na n-agallamh a deineadh leo go raibh an fhealsúnacht sin léirithe ag Róisín Ní Bheaglaóí agus Faolán Dáibhís, buaiteoirí na bliana seo. Mhol sé an bheirt, á rá gur chreidiúint iad dóibh féin, dá gclann, agus do na scoileanna a chothaigh iad. Tá Róisín i mbun céim ghnó in Ollscoil Chorcaí agus Faolán tosnaithe ar chéim innealtóireachta i gColáiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath. Moladh go hard caighdeán na n-iarratasóirí ar fad a chuir isteach ar na sparánachtaí, is nach baol do oidhreacht na teanga fad is atá ógánaigh de shárchaighdeán ag teacht as an gceantar. Ghaibh an tUasal Ó Cinnéide buíochas le Ionad an Bhlascaoid, Pádraig Firtéar, Máire Uí Ainín agus Bernie Firtéar as an obair ar fad a dheineadar leis na sparánachtaí a eagrú arís i mbliana, agus ghuígh sé gach ádh ar na buaiteoirí.



Lucht féachana Snámh na Saoirse

Snámh na Saoirse le Róisín Sheehy

Ionad an Bhlascaoid Mhóir, 24.09.17



Taispeántas aoibhinn a bhí sa dráma seo. Tá dealramh ag bunscéal Shnámh na Saoirse le heachtra an Titanic: is eol dúinn go léir conas a chríochnaigh an dá rud agus is é cumas mór Róisín Sheehy go dtugann sí ann ar an láthair sinn, go mbímíd i dteannta na n-aisteoirí ar an Oileán. Cruthaíonn sí an t-atmascéar, an comhluadar, cleachtas an Oileáin, ó fhiosracht mhná óige go dúil mhná meánaosta sa dúidín.

Osclaíonn an dráma go sollúnta, gan ach dhá anam ar an stáitse, iad ag caint trasna teorainn na síoraíochta. Tuigimid nach báthadh amháin é, ach grá, grá níos buaine ná suirí shamhraidh bhuachaillí an Oileáin le cuairteoirí.

Tá gach aon charachtar sa dráma seo rianaithe go mion. Aithnímid Cáit Ní Chriomhthain (Mollie Loibhéad), grabhas uirthi, gomh chun an tsaol. Tá sí lán d'anam, leisce uirthi a saol a chaitheamh i gCom Dhíneol, agus trua ag a deartháir dá nuachar, trua a thuigeann an lucht féachana. Baineann mioscais agus ainriail léi. Is séimhe go mór é Domhnall féin. Óigfhear cúthail, béasach, ná brún chun cinn é féin. Agus maidir le Méiní, cuireann Áine Ní Mhuircheartaigh ina steillbheatha ar an stáitse os ár gcomhair í.

Deisbhéalach, tuisceanach, ní chuirfeá dul amú uirthi. Ghreamaigh sí an saol, dhein sí a cuid féin de. Tá iarracht den bhean feasa inti. Mothaíonn sí chuici an anachain. Go luath sa dráma, tuairiscíonn sí a deireadh.

Ní fheiceann Eibhlín Nic Niocaill (Zoë Uí Fhaoláin) i dtosach ach taobh rómánsúil an Oileáin. Cailín deathógtha, meánaicmeach, gan taithí ar an easpa. Ach de réir mar a mhéadaíonn an gean idir í féin agus an Criomhthanach óg (Iarfhlaithe Ó Murchú), taithíonn a ciall chun cinn. Aithníonn sí deacrachtaí shaol an Oileáin. Is maith léi an ceantar fiáin oscailte, an áit a bhfuil an teanga beo seachas a bheith istigh i seanleabhar ag bailiú smúite, ach tuigeann sí nach aon láthair di féin é oileán iargúlta, bothán beag tais lán de leanaí, gan chompord gan chomhluadar léinn. Muna mbeadh an tslí a tharla rudaí, ní bheadh riamh ina ceann mar gheall ar Dhomhnall Ó Criomhthain ach “dob é an samhradh seo mo rogha páirtí é.”

Tá an tuiscint chéanna ar anró ag Cáit. Go Meiriceá a b'fhearr léi dul – feicimid réamhaisnéis ar thréigean an

Oileáin. Bhí cion ag Méiní air mar áitreamh, is ann a theith sí. Ach mná a bhí deich mbliana ní ba óige, bhí léargas eile acu. Arís, is cuid é seo den scil a léiríonn Róisín Sheehy. Tá macallaí sa dráma seo de scéalta eile, b'fhéidir a thiocfadh ón údar céanna.

Cuireann an rince agus an ceol a sholáthraigh Feargal Mac Amhlaobh agus Lile Ní Chonchúir slacht ar an léiriú. Seoidín bheag is ea an dráma seo, mar is dual d'iníon Danny Sheehy, dá bhfuil sé tiomnaithe, agus do Mháire Ní Ghráda, ach ní féidir léirmheas a chríochnú gan a ceart a thabhairt don stiúrthóir, Áine Moynihan. Ní hé Ionad an Bhlascaoid an áit is fusa chun dráma a léiriú, ach bhí an saothar seo snasta, proifisiúnta. Ba mhór an sásamh a baineadh as. Tá súil agam seans a bheith agam é a fheiscint arís. Ba bhreá an rud don Phéacóg é. Faoin am go mbeidh an píosa seo i gcló, beidh léiriú déanta sa Taibhdhearc.

Traoslaím le Róisín, le hÁine, leis na haisteoirí agus leis na ceoltóirí.

– Brenda Ní Shúilleabháin



Pictiúirí: Gearóid Ó Cathasaigh

Tithe an Oileáin Athchóirithe

Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí cinneadh i 2014 Tigh Mike 'Faight' Ó Sé agus Tigh Thomáis Uí Chríomhthain a bhí i seilbh an Stáit ar an mBlascaod Mór a athchóiriú. Fostaíodh an ailtire Paul Arnold, a bhfuil cáil air ó thaobh obair chaomhnaithe, chun plan a chur le chéile. Fostaíodh an comhlacht innealtóireachta Malachy Walsh & Partners agus an t-ailtire Brendan Cormican chun an obair a chur i gcrích. Cuireadh isteach ar chead pleanála i Márta 2015 agus faoi dheireadh na bliana fuarthas an cead ó Chomhairle Contae Chiarraí.



Tigh Mike 'Faight' Ó Sé, mara bhí (thuas),
athchóiriú ar siúl (ar clé),
agus mar atá inniu (thíos).

Tógadh tigh 'Faight' idir 1911 agus 1916. Thug Mícheál 'Faight' Ó Sé ceann an tí leis nuair a d'fhág sé an t-oileán blianta roimis thréigean an oileáin i 1953, agus chuir ar thigh nua a thóg sé ar an gCeathrú. Tá an t-adhmad seo fós le feiscint ar an dtigh san.

Beidh an tigh seo á úsáid mar bhunáit ag foireann Oifig na nOibreacha Poiblí. Le cúpla bliain anuas bíonn treoraithe ag obair ar an Oileán, cuireann an tseirbhís seo go mór leis an sásamh a fhaigheann an cuairteoir as a thuras ar an mbaile. Beidh seomra garchabhrach sa tigh chomh maith.

Tar éis próiseas tairisceana fuair an comhlacht Griffin Brothers ó Oileán Chiarraí an Conradh an dá thigh a athchóiriú. Thosnaigh an obair istigh ar an mBlascaod ar na tithe i Lúnasa 2016.

Ní mór an obair chloiche a bhí le déanamh ar thigh Thomáis ach tógadh an chuid is mó de thigh 'Faight' ó bhonn.

Tá siad bun a bheith críochnaithe anois faoi mar atá le feiscint sna pictiúirí agus tá ana mholadh ag dul do gach aon duine a bhí páirteach san obair chaomhnaithe seo.





Pic: Carl Von Sydow

Sa bhliain 1893 thóg Tomás Ó Criomhthain a thigh nua. Bhí dhá sheomra sa tigh agus cuireadh bothán leis níos déanaí. De réir a chuntais fhéin, is i lár an Gheimhridh sa bhliain 1893 a thosnaigh Tomás ag tógaint, agus bhí an obair curtha i gcrích aige sa Mhárta. Deir sé gur ina aonar a thóg sé an tigh, ach go raibh an t-ábhar in aice láimhe aige.

I 1942 d'fhág Eilís Ní Shúilleabháin agus Sean Ó Criomhthain an t-oileán, agus tá an tigh folamh ó shoin.



Beidh an tigh ar oscailt don bpobal an séasúr seo chugainn. Beidh cuairteoirí go dtí an t-oileán ábalta feiscint dóibh féin conas a mhair Tomás agus na hOileánaigh eile.

Céim mhór chun cinn dhá thigh a bheith athchóirithe ar an ardchaighdeán seo chun an baile a chosaint mar tá an aimsir ag déanamh mórán díobhála do na fothraigh atá fágtha ann.

Is sa Bhaile a bhíos den chuid is mó de mo thuras go dtí an Blascaod i mbliana. Bhíos lonnaithe i dtigh breá, tigh mór groí, i gcomparáid leis an tint ina mbínn de ghnáth. D'fhormhór den lá agus mé sa tigh, bhí an doras ar oscailt agam agus ní fhéadfainn ach a bheith ag breathnú amach tríd an mbearna dhronuilleogach sin, ar an mBaile máguaird.

Trí Bhearna an Dorais

Tugaim faoi deara go bhfuil rudaí ag athrú sa Bhaile: tá fuinneamh ann, fuinneamh nua difriúil, braithim é. Ar feadh na mblianta, bhíodh cineál dubhachais ar thithe an Bhaile, na fothracha liatha ag féachaint trasna ar a chéile agus iad, ceann ar cheann, ag cailliúint cloch agus leac, binn tí agus simléar, falla agus fuinneog. Sea, na fuinneoga, súile an tí, gan iad is dall atá sé; agus nuair a thiteann bearna an dorais as a chéile, bhuel ansin tá an tigh balbh chomh maith, ina thost, ní féidir leis caint a thuilleadh lena chomharsa ná le tithe eile an Bhaile.

Cinnté sin mar a bhí le blianta fada, na tithe ag filleadh ar ais chun talaimh. Ach tá rud difriúil ar siúl anois: tá fuinneamh, sprid agus beocht ag filleadh ar Bhaile an Bhlascaoid Mhóir. Tá neart daoine sa bhaile na laethanta seo, turasóirí laethúil, cuairteoirí a fhanann thar oíche, freastalaithe caife a bhíonn ann ar feadh roinnt míonna, tógálaithe isteach 's amach ó sheachtain go seachtain, treoraithe istigh de réir na haimsire, cor dhuine ag campáil ar feadh deireadh seachtaine, meascán de dhaoine i ndáiríre. Is trí bhearna an dorais a fheicim na rudaí seo agus mé suite i dtigh Paddy na hInise (*Pádraig Ó Dálaigh*). Ach caomhnú nó ceal caomhnaithe, tá *fothracha* an Bhaile fós liath, gan cheann orthu a thuilleadh, tá siad nocht agus formhór díobh dall agus balbh

chomh maith.


Is radharc brónach a bhíodh ann le fada an lá ach ní mar sin atá sé a thuilleadh; tá gealas ag filleadh ar Bhaile an Bhlascaoid Mhóir.

Tá athchóirí á dhéanamh ar thigh Sheáin Tom Uí Chearnaigh, sea, an áit inar chónaigh an Dochtúir Maidhc; tá an chuma ar an tigh sin go bhfuil sé sásta leis an obair, an caomhnú agus an neartú atá ar siúl. Agus díreach os mo chomhair amach, trí bhearna an dorais feicim an chéad tigh inar chónaigh Peig agus í san Oileán, cuma shocair ar an bhfothrach sin chomh maith de bharr na haire a tugadh dó roinnt blianta ó shin.

Tá gealas úr le feiscint na

laethanta seo, braithim solas agus sprid nua máguaird: tithe gléasta le ceann (díon) breá dubh, iad láidir le fallaí athchóirithe bána, iad áthasach le súile gloine agus adhmaid, iad sásta leo féin le doras agus leathdhoras, iad go léir fáilteach arís. Agus anois tá comharsa ar ais ag tigh Peaití Uí Dhuinnlé, ceann de na tithe a cothaíodh gan staonadh thar na blianta, nár chaill ceann ná cloch; sea, tá comharsa aige arís, mar anois tá an tigh a thóg Tomás Ó Criomhthain bán agus geal agus dubh, é ar tí bheith beo arís.

Níos gaire dom, tigh Fhaight, áit chónaithe Míchíl Uí Shé uair. Bhuel nach bhfuil an bothán sin ag léim le háthas, an tigh cóirithe ó bhun go barr agus ó fhalla go falla, na súile





geal arís le gloine agus an d'fion dubh le tarra chomh maith, na fallaí bán le haol, béal an tsimléir gorm le deatach: tá an tigh seo beo agus ag lonnúrú arís, é breá sásta leis féin tar éis na mblianta fada agus é uaigneach, fuar agus fliuch. Beidh daoine isteach is amach anseo sul i bhfad, caint agus comhrá arís, glór na nGaelainne á lasadh laistigh, bróga na ndaoine ag cnagadh ar an urlár, glór uisce ag sruthlú go bríomhar, craiceáil na tine ag gearradh tríd an áit, an tigh seo níos teo agus níos trioma ná mar a bhí riamh cheana, solas nua ag cur gealais i gcroí an tí seo. Sea, tá beocht ar ais i mBun an Bhaile.

Agus trí bhearna an dorais, feicim, ag Barr an Bhaile, an Dáil (Tomás Ó Cearnaigh, 'An Poncán'), é caomhnaithe agus meangadh gáire ar a ghnúis dá bharr. In éineacht le sin tá radharc agam ar shimléir thithe an tSlinneáin Bháin, ocht gcinn díobh ar thrí fhoirgneamh, tithe le cinn slinnte breátha orthu, iad beo le cuairteoirí agus le freastalaithe an chaifé, beo le gníomhaíocht ó lá go hoíche, an áit ag borradh le daoine, an dara tigh le Peig, ina measc. Do bheadh gáire ar a ghnúis anois!

Dúnaim an doras. Luím siar chun codlata, mé suaimhneach agus le húdar dóchais i mo chroí; de réir a chéile, tá beocht ag fílleadh ar bhaile an Oileáin Tiar.

© 2017 L Ó Cuinneagáin



Nochtadh Tobar na Croise *le Lorcán Ó Cuinneagáin*

Réamhrá

Tá tobar san Oileán ar a dtugtar Tobar na Croise. Bhíodh an chuma air nár úsáideadh le blianta fada é, seasca bliain, cúpla céad bliain, ní fheadair. Dá bharr, ní bhíodh le feiceáil ann ach cuid de leac agus faoina bun, linn le huisce dorcha, salach, lofa, an t-uisce ag luí gan chorradh, le duilleoga agus araile ar a bharr.

Mealladh mé chun an tobar seo a nochtadh, ar bhealach chun saghas aitheantais agus ómós a thabhairt dó arís. Mheas mé nach dtógfadh an obair sin ach cúpla uair a'chloig; i ndeireadh na dála chaitheas cúpla uair a'chloig ... in aghaidh an lae ... ar feadh aon lá dhéag ... ag cur an aidhm sin i gcrích!

Ní raibh agam ach mo lámha, lámhainní, sluasaid gan hanla, lián beag, píobán solúbtha agus scian fhada ghéar. Ar dtús, shracas siar na plandaí, an caonach agus an féar, a bhí ag clúdach an Tobair. Leis an bhféar agus araile imithe, chonac go raibh leac ansin, í ina luí trasna agus ar bharr umair choinceíte. Ní raibh aon bharr ar an umar féin, ní raibh ann ach dhá thaobh, falla cúl agus saghas urláir nó clár ag a bhun, an rud go léir déanta de choinceít gharbh chlochach. Ghlanas amach an t-umar seo, bhí sé lán de mhionchlocha cosúil le gairbhéal agus bhí boladh lofa ón láib a thógas amach leis. Ní rófhada go raibh na lámha dubh, salach agus fliuch go gualainn; ba chuma liom, bhí toradh na hoibre le feiceáil.

An tráthnóna dár gcionn, chruthaíos clais fhada le mo lámha chun an t-uisce a ligean amach ón umar agus chun é a threorú síos go faill. Bhí an láib a bhaineas amach cosúil le hanraith tiubh, arís le boladh lofa ach ba chuma liom, bhí an obair sásúil agus ní raibh mórán



míoltóg thart, timpeall na háite seo. D'éirigh liom an beart a chur i gcrích agus bhaineas sásamh as gliogáil an uisce agus as an ngliscarnach de bharr na gréine.

Ar mhaithe leis na matáin éagsúla, thosaigh mé ag malartú na hoibre. D'fhágas an chlais agus ar ais liom go dtí an t-umar, áit a ghearras amach na fóid fhéaracha a bhí fós ag clúdach cuid mhaith de. Agus mé á dhéanamh, thugas faoi deara go raibh silín d'uisce ag dul isteach faoin leac a bhí ag luí trasna barr an umair agus cheapas gur mar sin a líonadh an t-umar féin. Ach lena thuilleadh gearrtha agus sracadh siar d'fhóid, chonac le hiontas go raibh poll roinnt

troithe siar ón umar agus é lán d'uisce agus gurbh é an poll seo foinse an tsilín. Isteach sa pholl, an linn dhomhain seo, le mo lámha agus thógas amach láib, gairbhéal agus bruscar eile (seanmhála plaisteach ina measc); bhí sé soiléir gur linn cheart a bhí ann, nach poll gan chúis é, gur cruthaíodh d'aon ghnó é.

Ar ais liom an chéad tráthnóna eile le háthas agus le fuinneamh mar is obair shásúil, thorthúil a bhí ar siúl agam. Dhíríos ar an linn arís agus scuabas amach gach rud le bosa na lámh. Ansin d'úsáideas na méara chun taobhanna na linne a scrúdú, ag lorg bearna de chineál éigin, oscailt a ligfeadh don uisce dul ón linn agus



síos isteach san umair. Bhí an t-ádh liom: d'aimsíos poll, faoin uisce, ar fhalla tosaigh na linne. Ós rud é go rabhas ar an leac trasna bharr an umair, chasas timpeall agus chuireas mo cheann síos faoin leac céanna: ar an toirt chonac poll ar chúlfhalla an umair agus píopa le feiceáil istigh ann. Chuireas píobán solúbtha isteach ann agus lena lán fuinnimh, bhrús agus rothlaíos isteach 's amach an píobán seo; dheineas an rud céanna ar an taobh eile, sa linn

bheag taobh thiar den umair, ag cur an píobán isteach san oscailt a d'aimsíos ansin. Bhí liom: brúdh amach an gairbhéal a bhí ag tachtadh an pháipa idir an linn agus an umair. Ní chreidfeá an t-áthas a bhí orm nuair a chuala fuaim an uisce agus é ag rith tríd an bpíopa agus ansin ag pléascadh isteach san umair féin. Tar éis na mblianta fada, bhí Tobar na Croise ag obair arís.

An chéad lá eile, dhíríos ar an áit a ghlanadh agus go háirithe ar an umair

a nochtadh go hiomlán. Thosaíos ag tarraingt siar na fóid a bhí os a chomhair agus nach mór an t-ionadh a bhí orm nuair a nochtadh leac fhada ghroí ina luí trasna bhéal an umair. Bhí an chuma ar thaobh amháin den leac gur deineadh obair air ag saor cloiche uair. Chonac go raibh líne gearrtha trasna bun na leice agus shamhlaíos go raibh an rud céanna ar na taobhanna eile; shíleas go raibh seastán cosúil le ciúb cloiche ansin. Go rómánsach, thosaigh mé ag smaoineamh go raibh mé ag féachaint ar chros, sea ar an gcros, an chros as a bhfuair an Tobar a ainm! Bhí an chuma air go raibh an leac fhada seo trom: mar sin féin, chuas ar mo ghogaide agus bhaineas triail as barr na leice a bhogadh. D'éirigh liom agus ní fada go raibh



an stacán seo curtha ina sheasamh agam. D'fhágas mar sin é ionas go nglanfadh an bháisteach é i rith na hoíche. Bhí súil agam go bhfeicfínn cros inscríofa ar aghaidh na leice, an aghaidh a bhíodh in íochtar, an lá dár gcionn.

Díreach tar éis na céadphroinne, siar liom go dtí an Tobar agus dheineas iniúchadh ar an leac, an chre nite uaidh anois. Ní raibh cruth croise inscríofa air, ní raibh aon rud inscríofa air! Is cuma, bheadh sé dochreidte dá dtiocfainn ar chros an Tobair chomh héasca sin, nuair nach raibh Oileánach beo a chonaic é





riamh, nuair nach bhfaca an Criomhthanach féin é! D'íslíos an leac go talamh agus chuireas ar ais é díreach mar a bhíodh sé.

Go tobann, thosaigh sé ag cur báistí agus ritheas chun fothain a fháil faoin gclaí suas ón Tobar. Bhíos ann tamall agus thugas faoi deara go raibh braonta uisce ag sileadh ón gclaí thuas, iad ag titim ar phaiste dorcha trasna uaim. Anall liom; tharraingíós siar an féar agus cad a chonac ach poll, sea poll eile agus uisce ann chomh maith, an tríú poll más mian leat: an t-umar féin, an


linn bheag taobh thiar de agus anois an poll seo ar chúil. Ní fada go raibh mo lámha salach agus fliuch arís de bharr an ghlantacháin a dheineas ar an bpoll nua seo. Tháinig cith eile, é trom go maith agus bhí orm rith ar ais go dtí an tigh.

Cúpla lá ina dhiaidh sin, d'fhill mé ar an Tobar agus shíneas lámh síos sa pholl nua, an poll cúil agus thosaíos ag cuardach ansin leis na méara. D'aimsíos bearna de chineál ar an taobh thiar, ní píopa a bhí ann ach oscailt idir roinnt cloch. Ar an taobh

tosaigh den pholl, an taobh ba ghaire don linn bheag, thána ar bhearna eile faoin uisce, é cruthaithe d'aon ghnó ag duine daonna, saghas cainéil le clocha ar na taobhanna agus é clúdaithe ar barr le roinnt leaca. Bhí sé soiléir gur cruthaíodh é seo chun an t-uisce sa pholl cúil a threorú isteach sa linn bheag.

De réir a chéile bhí mé ag cruthú íomhá den Tobar iomlán agus conas mar a d'oibrigh sé:

Shileadh uisce isteach sa pholl cúil ón gclaí os a chionn ach is ón sliabh thuas a thagadh formhór den uisce, é ag dul faoin talamh ón nGort Bán déarfainn. Sin mar a líonadh an poll cúil. Nuair a bheadh neart uisce sa pholl sin, thiteadh an salachar, cré agus gairbhéal, go bun an phoill agus ritheadh an t-uisce ar barr, uisce geal glan, isteach faoi na leaca, tríd an gcainéal go dtí an linn bheag. Tarlaíodh a thuilleadh scagadh sa linn sin. Faoi dheireadh, ritheadh an t-uisce ón linn tríd an bpíopa agus isteach san umar coincreíte thíos uaidh. Ní dóigh liom gur líonadh an t-umar riamh, níorbh ann ach ardán ar a gcuirteí soitheach ina sheasamh agus é ag líonadh. Sin a cheapas mar a d'oibrigh an tobar seo, Tobar na Croise.





D'fhágas an tOileán Tiar an lá dár gcionn agus Tobar na Croise nochta athuair agus uisce breá úr le fáil uaidh arís.

Bhí an obair in ainm is a bheith críochnaithe. Rud amháin eile: bhailíos cláracha fada adhmaid ó thógálaithe a bhí san Oileán agus chruthaíos droichead, saghas stangairte, os cionn an chaonaigh bhoig lábaigh, trasna go dtí an tobar. Chomh maith le sin, chun daoine a mhealladh, chuireas polla ar bharr an claí taobh thiar den tobar. Ansin dúrt cúpla paidir bhuíochais agus b'shin é, bhí an beart déanta, bhí mo chuid oibre críochnaithe.



Aifreann ar an mBlascaod

Dé Domhnaigh 25 Meitheamh 2017

Máirín Uí Shé

Bhí an Domhnach maith go leor. Bhí lucht Aifrinn ag dul thar farraige go dtí an Blascaod. Bhí an dáta socraithe ag an gComhairle Tréadach le tamall, ó anuraidh d'fhéadfá a rá mar bhíomar ag brath ar an aimsir. Agus sinn ar bharr na haille i nDún Chaoin, tháinig focail le Muiris Ó Súilleabháin chun cuimhne dúinn; 'Chuirfeadh sé gliondar ar do chroí féachaint uait ar an bhfarraige.' Léigh Máirín Uí Shé dán le Seán Ó Riordáin. 'Seachtain'

Dé Luain do thionscain gaoth,
Dé Máirt seordán san aer,
Céadaoin ag caoi ar ghéig,
Déardaoin trí dhaoine a shéid,
Dé hAoine ag caoineadh léi,
Dé Sathairn i mbaclainn na ngaoth,
Ach Dé Domhnaigh do cheansaigh

Mac Dé

Na tonntracha is an gaoth,
Is bhí an Domhnach séimh,
Mar bhí lucht Aifrinn ag teacht thar
farraige ón mBlascaod.

Bhuel inniu bhí linn. Bhí Easpag Chiarraí, an tOirmhinneach Réamonn de Brún, agus rúnaí an Easpaig, an tAthair Nioclás Ó Floinn, leis an Athair Eoghan Ó Cadhla agus an tAthair Jim Sheehy



agus lucht Aifrinn ag dul thar farraige go dtí an Blascaod.

Fuaireamar na ticéidí ar lacáiste ó Shibéal Ní Lúing, ár mbuíochoas léi. Bhí gach aon rud cóirithe roimh ré ag Doncha Ó Conchúir agus ag Marcas Mac Domhnaill. Ar an tslí isteach sa bhád, a stiúraigh na deartháireacha Stiofán agus Tomás Ó Cíobháin le cumas agus Dara Ó Dúgáin ag cabhrú leo, dáileadh na paidreacha breátha a bhí scríte ag Mícheál de Mórdha don ócáid.

Impíodh ar Dhia sna paidreacha, tréithe breátha uaisle, cuideachtúla, comharsanúla mhuintir an Oileáin a bhuanú sa phobal ar fad agus ar fuaid na tíre mar aon lena greideamh láidir agus a ndóchas.

A Thiarna, bhí creideamh ana láidir agus ana dhoimhin ag na Blascaodaigh agus ghlacadar i gcónaí le toil Dé. Buanaigh an creideamh agus an dóchas san in ár gcroíthe go léir mar beimid dealbh dearóil ina n-éagmuis.

A Thiarna éist linn...

Bhí ardurraim i gcónaí ag muintir na háite seo don Mhaighdean Mhuire. A Thiarna Íosa, níor dhiúltaigh do

Mháthair Bheannaithe aon achainí uait riamh agus iarraidimid ort, a Thiarna impí ar do mháthair aire a thabhairt dúinn i gcónaí agus sinn a stiúir slán ó gach baol, anama agus coirp.

A Thiarna éist linn...

Guíodh leis ar son na síochána agus ar son mhuintir an Bhlascaoid atá ar shlí na fírinne agus ar mhuintir an Bhlascaoid agus a sliocht pé áit ar Domhan ina bhfuilid ag caitheamh a saoil.

Bhí gach éinne ag cabhrú. Bhí Doncha Ó Conchúir, Stiúrthóir Ionad an Bhlascaoid, agus a chriú, Máire Ní Dhálaigh agus Cormac Bruic, i mBarra na hAille ar an Oileán ag cur fáilte romhainn. Thug Séamus Ó Cíobháin mála an Easpaig suas ón slip go dtí láthair na scoile mar a léadh an tAifreann. Bhí Bridie Dowd Mhic Gearailt ansúd lena scáth fearthainne nuair a bhí gá leis. Stiúraíodh go Rinn an Chaisleáin sinn ar dtús agus bheannaigh an tEaspag an chré mar a bhfuil leanaí óga gan bhaiste curtha agus máirnéalaigh a báthadh. Chuaigh an



searmanas áirithe seo i bhfeidhim go mór ar an bpobal a bhí i láthair. Bhí ciúnas neamhaí inár dtimpeall.

An méid sin déanta, leanamar orainn go dtí láthair na scoile mar a raibh bord cóirithe ag Marcas Mac Domhnaill. Las an tAthair Eoghan coinneal dhearg agus thug sé chun cuimhne dúinn an choinneal dhearg a bhíodh lasta ins gach fuinneog san oileán Oíche Nollag ag fáiltiú roimh Mhuire agus Seosamh agus an leanbh Íosa. Léigh sé an dán ‘Oíche Nollag’ le Máire Mhac an tSaoi.

Sa scoil a thagadh muintir an Bhlascaoid le chéile aimsir aifrin chun an choróin a rá nuair a bhíodh drochuain ann agus ná féadfaidís dul thar farraige go Dún Chaoin. Gan dabht san áit bheannaithe seo bhíomar ag cuimhneamh ar na leanaí agus ar na múinteoirí a bhí sa scoil tráth agus ar na scríobhnóirí a d’fhág cuntaisí clúiteacha againn.

Samhradh amháin agus é ag filleadh abhaile ar Shasana sheol

‘Bláithín’ Robin Flower dealbh álainn den Mhaighdean Mhuire ó Shiopa Clery’s i mBaile Átha Cliath chucu. Bhí sé sa scoil go n-aistríodar amach sa bhliain 1953. Tá an dealbh san anois i Scoil Naomh Gobnait i nDún Chaoin.

Léigh Eibhlín Uí Chíobháin, Bridie Dowd Mhic Ghearrailt, Seán Ó Conaill, Marcas Mac Domhnaill agus gaol gairid do Thomás Ó Criomhthain, Bríd Ní Laoithe, guí an phobail

Thug an tEaspag Réamonn de Brún seanmóir bhreá uaidh a thug ardú meanman dúinn go léir. Dúirt an tEaspag Réamonn go raibh bochtanas agus ganntanas san Oileán ach mar sin féin go raibh saibhreas thar na bearta acu, go raibh gach aon rud acu a d’fhéadfá a rá. Bhíodar sásta. Thógadar a gclanna le grá agus le creideamh. Bhí aoibhneas an nádúir agus ceol agus amhráin agus rince agus cuideachta agus comharsanna cneasta ina dtimpeall. Agus gan dabht

bhíodh fáilte mhór acu roimh na stróinséirí i gcónaí.

Tar éis an aifrin cuireadh soláistí agus tae ar fáil dúinn. Buíochas le gach éinne.

Scríobh an múinteoir Nóra Ní Shéaghdha leabhar álainn *An Blascaod Trí Fhuinneog Na Scoile* mar a dtugann sí cuntas ar an saol a bhí ina timpeall ar an Oileán sa tréimhse a chaith sí ag múineadh ann ó 1927 go 1934. Agus í ag scríobh ar chúrsaí creidimh dúirt sí gur chuala sí Peig ag rá na línte seo:

Dar ndóigh, a dhuine, níor imigh an ghaoth ná an ghrian;
Dar ndóigh, a dhuine, níor imigh an bán ná an sliabh;
Dar ndóigh, a dhuine, níor imigh an sáile ón iasc;
Dar ndóigh, a dhuine, ní imeoidh na grásta ó Dhia.’
Bhí ana lá againn go léir buíochas le Dia.

‘Lá Dár Saol!’

Danny

Is cuid den chaint ómóis don bhfile Dómhnall Mac Síthigh an t-alt seo a thug Bríd Ní Mhóráin ag an bhFéile Bheag Filíochta, Baile an Fheirtéaraigh, 10 Samhain 2017.

LA CHOLM CILLE, 9ú Meitheamh na bliana so, ar chósta na Portaingéile, d'imigh Domhnall Uasal Mac Síthigh (Danny Sheehy) uainn, gan coinne, gan fógra, agus é i dteannta a chomhbhádóirí agus a chomrádaithe dílse, Breandán Ó Beaglaoidh, Liam Ó Maonlaí agus Pádraig Ó Duinnín.

Samhlaím é ag rá gur bás breá nádúrtha leis an bhfuacht a fuair sé, san áit ab annsa leis ar domhan, ar an bhfarraige, ar crochadh le Naomhóg na Tinte, an Naomh Gobnait, a thóg sé féin agus Liam Holden.

Is cinnte nach bhfuil éinne is fearr ná is túisce a ghlacadh lena bhás ná an fear céanna cé ná raibh aon tsúil aige, nuair a chuir sé deich gcrann is trí fichid i Márta, 2008, ná go mbeadh sé féin críonna, ach fós ina bheathaidh

... nuair a bheadh na crainn
fásta fé dhuilliúir ghlasa.
(Fás agus Bás)

Ní raibh glacadh ná foighne leis an gcnáimhseán aige toisc gur fealsamh go smior is go smúsach a bhí ann, adúirt:

Imeodsa agus tusa ach beidh
aiteann ag fás inár ndiaidh
(Aiteann)

Agus arís:

Cailtear an duine agus fágann
sé a rian.
(Allagar na gCloch)

“Ní casadh éinne riamh orm a bhí chomh beo beathach le Danny i mórán slite,” de réir a chara, Mícheál de Mórdha. “Beo ina phearsa, ina mheon, agus ina chuid cainte.”

Tá an bheocht agus an



Pic: Robert Brummett

oscailteacht go léir don mbeatha ar fáil trína shaothar síos. N’fheadar an mó uair go bhfuil trácht ar ‘iontas’, ‘aoibhneas’, ‘fonn’, ‘scóp’ agus ‘anam’ ina dhánta; mar sin, is féidir a rá gur ceiliúradh ar áilleacht na ndúl chomh maith le tabhartas na beatha agus na daonnachta atá ina chuid filíochta. Is é a bhí deas ar fhocail a chur ar an saibhreas san go léir. Go fóireannach, d’fhéadfaí a mhaíomh gur filíocht ab ea gach aon fhocal óna bhéal agus óna pheann. Maidir lena chuid scríbhneoireachta, dúirt sé, agus é ag trácht ar a chéad chnuasach, in alt a foilsíodh san *Irish Times*, i 2008:

I started writing about five
years ago ... and I never wrote

a thing before that – hardly a letter even. I made a naomhóg in an arts centre in Dublin, and I started to keep a diary then, because I was inspired by the work.

“Nuair a insím scéal,” adúirt Bab Feiritéir, “pictiúr a chím agus pictiúr a leanaim.” Bhí an chuimhne mhíorúilteach phictiúrtha chéanna ag Danny agus tá a dhánta ar maos in íomhánna ón dtalamh agus ón bhfarraige, pictiúirí a chuaigh i bhfeidhm ar a shamhlaíocht tríd an tsúil. An aon iontas é, mar sin, gur *Súil Seilge* a tugadh ar an gcnuasach a d’fhoilsigh Coiscéim i 2007 atá tiomnaithe dá bhean, Máire:

Radharc na súl fairsing
flúirseach,
Radharc siar ar a shinsir
roimhe,
Radharc géar ar Bharra Liath,
Radharc íseal ar chloch thráite,
Radharc ard ar mhadraí
gaoithe,
Scamall ná faghairt níl ina
radharc,
Scian ná sceimhle níl ina
shúilibh.

(Súil Seilge)

(Téip/CD)

Cuid den mbeocht a luadh le Danny ab ea na céadfaí go léir a bheith gafa leis an dtabhairt fé ndeara a bhí, minic go leor, i bhfoirm liodáin, a mbeadh taithí ag an gcuid againn air, a tógadh, ar nós Danny, ar aguisíní na Coróineach. Cé eile ach an fear dána féin a dhéanfadh ceangal dá leithéid idir:

Boladh an duillisc
Agus
Boladh na Págántachta
Boladh na Críostaíochta
Boladh m'anama

(Inis Gé)

Baineann sé úsáid as teicníc an liodáin sa liosta seoigh de na carachtair go léir a ghaibh trí sheanscoil an Fheirtéaraigh:

Tomás Ar Seachrán
Seán na n-Amhrán
Páid na Síochána
Peats na Naomhóige
Peaidí an Bhainne...

(Dánscoil)

Bhí Danny ar an bhfíorbheagán daoine go raibh bua na héisteachta ar chomhchéim ann le líofacht na cainte. Is toisc é bheith ina fhear farráige a shealbhaigh sé an bua céanna, dar leis féin. Cuireann sé torthaí an tabhartais inár láthair i bhfuaimrian a shmaointe, mar a bhfuil glórtha arda is ísle an nádúir agus an duine fite ina chéile mar atá i Siollaí ár Sinsear, m.sh:

Sibéal go socair ag
smaoineamh,
Carraigeacha agus stacáin

mhara
ag callaireacht...
Cloch ar dha chloch, dhá
chloch ar chloch,
Focal fé dhá fhocal gan mórán
réamhfocal...
Carraigeacha ag callaireacht,
clocha ag cadráil,
Siollaí ár sinsear fós á surac.

Ola ar a chroí ab ea bheith ag bailiú chuige ó sheanfhandúirí na háite; is acusan a bhí 'saoirseacht líofachta,' dar leis. Thuig sé go raibh an seansaol gur bhain leithéidí Phat Chonair agus Mhuiris Mhaidhc Léan Ó Guithín ón Oileán Tiar leis, ag ceiliúradh agus chuir sé roimhe an méid ab' fhéidir leis de a thaifead agus a chur ar lámh shábháilte ina shaothar:

Cóngar cainte mar chloch
chóirithe,
Saibhreas teangan mar thobar
beannaithe,
Sruthanna siollaí mar steancán
sáile,
Steall focal mar shruthlam
cladaigh,
Abairtí bríomhara mar shruthán
biolaráí,
Tobar sinsearachta ag únfairt
allagair.

(Fuaim agus Fuaimint)

Ach má bhí sé díograiseach ag bailiú chuige, bhí sé díreach chomh flaithiúil sa roinnt agus is mó duine, ó chian is ó chongar, idir óg is críonna, a chuir sé fé chomaoin lena fhéile spreagúil chroíúil. Níor dhearmad sé riamh an dea-ghníomh ná an dea-dhuine mar is léir óna dhán álainn, Conairín.

Saolaíodh é i dtobar teangan, íomhá álainn bheo dá dhúchas:

Mo mhuintir féin i dtigh mo
mhuintire a d'oscail an tobar
teangan san dom agus b'iad
muintir na háite a dhein
saoirseacht ar an dtobar chun
teanga ár sinsear a choimeád go
gléineach glan slachtmhar dom.
(Fan Inntí 2003: 248)

Focal beannaithe ag Danny ab ea sinsearachta agus bhí gaol ag an bhfocal, ina thuiscint, ina dhánta agus ina thaithí saoil, leis an bhfocal

saoirseacht. Thug a shinsir agus an oidhreacht rí-luachmhar a d'fhágadar aige neart, téagar agus féinmheas tomhaiste dó i dtreo ná raibh aon rian de mheon an iarchóilíneachais air ina phearsa ná ina iompar teangan. Chuaigh sé i bhfeidhm, dá réir, ar fhearaibh is ar mhná, ar gach éinne gur bhuaile sé leis, mar dhuine ar leith, a dhuine féin a raibh aigne agus spiorad saor aige. Cuireann sé síos ar chumhacht ghríosaithe na sinsear ina mhachnamh fileata, *Allagar na gCloch*:

Cuireann an falla so an fhuil ar crith ionam. Braithim mo chuid fola ag rith ar séirse. Mothaím spiorad agus anam mo shinsear ag eascairt aníos ón dtalamh agus amach as na clocha... Tá áilneacht, beocht, áthas agus ardú meanmain sna mothúcháin seo...

Gobán Saor ab ea Danny go raibh an dea-mheabhair agus an deaslámh, saoirseacht chloch is saoirseacht bhád, cumas chun ghnímh is claonadh chun dianmhachnaimh, an daonnacht agus an spioradáltacht, an greann is an dáiríreacht, an tséimhe agus an neart ar chomhtharrac ann. Scáthán de na buanna seo go léir is ea a shaothar liteartha. Cé go raibh sé mórtasach astusan a shín chuige na talainn iomadúla a bhí aige, ní raibh aon mhór an ní is fiú ná bladhmán d'aon tsórt ag baint leis. Is cuimhin liom máthair Danny, Mary, d'fheiscint ag sníomh i mBaile Eaglaise ar thurann a bhí déanta aige Danny siar sna seachtóidí nuair a mhúin sí scil an tsnímh do scata ban óg ón áit.

Deineann sé tagairt don ndeislámhe a bhronn a shinsir air agus a chuir ar a chumas Leabhar an Lúndraigh a dhéanamh agus a cheangal, fé stiúir Sandra Landers agus don aidhm atá aige fein:

... déanfadsa focail a shníomh
ar fhearsaid m'inchinne
a chuirfead scríte
fite fuaite fuinte
i mo leabhar nuadhéanta.

Tá pictiúr den leabhar agus é á

cheangal aige i dtigh Sandra Landers ar chlúdach *Criathar Meala* (An Sagart 2009) agus ceann eile dá láimh i mbun a pheannaireachta álainn ar chlúdach *Mil na Ceardlainne* (An Sagart 2008). Chuaigh leabhar a bhí lámhdhéanta ag Sandra leis ar a thurasanna báid agus ar a oilithreachtaí iomadúla ar chnoc is go dtí láithreacha beannaithe agus is ann bhreac sé a chuid cuntaisí agus dánta an fhaid a mhair sé.

I *Fan Innti* maíonn sé go bhfuil ceangal idir bheith id shaor cloiche, id' shaor báid agus id fhile, trí cheird i measc na gceird ar fad a chleachtaigh sé féin:

Úsáidtear an tsúil sa tsaoirseacht agus an chluas sa bhfilíocht ach baintear leas as an aigne ealaíonta chun dán, bád agus falla a thógaint..

(*Fan Innti* 2003: 105)

Ó ba ealaíontóir cruthanta é, cén t-iontas é go raibh sé chomh tógtha le saoirseacht mhachnamhach na manach ar Sceilg:

Chuimhníos ar na manaigh go ciúin ag saoirseacht
Ag obair go mall le buille thall is abhus

Gan deabhadh gan díthneas, ní hionann agus inniu

Ach ag machnamh, ag smaoineamh is ag braistint rompu...

Ar Sceilg Mhichíl Naofa, an triantán carriage sa mhórmhuir, Oileán na naomh, na n-ealaíontóirí agus na n-ailtirí, ar m'anam.

(Saoirseacht na Sceilge)

B'é a spioradáltacht an t-ancaire i saol Danny agus chothaigh sé a anam ar shaíocht, ar oilithreachtaí agus ar theagmháil le áiteanna mar Inis Gé, Inis Cealtra, Sceilg, le toibreacha beannaithe mar Thobar Gobnait i nDún Chaoin agus thar aon áit eile ina thimpeall, ar Chnoc Bhréanainn. Ní ró-shásta a bhí sé leis an bhfear ó Mhainistir na Corann ná raibh an meon ná an t-iompar cuí aige ar an gcnoc:



Bhlaiseas an t-uisce
As an dtobar
Is aoirde in Éirinn
Is dheineas fíor na Croise.
Shamhlaíos Bréanainn naofa
Ar troscadh fada
Ina aireagal cloiche
Ag guí chun De
É a threorú
Ar na farraigí mora.
Dúrt paidir
Ag impí ar Dhia
M'anam a choimeád beo
Is m'aigne saor
Ó intinn chnocadóirí
Ar na cnoic naofa.

(Cnocadóirí)

Bhí cad é gliondar air, le linn turais sa Mheánmhuir (2003), in éineacht lena chara agus a chaptaen, Paddy Barry, sa luaimh *Ar Seachrán*, nuair a chonaic sé in Otranto:

Mósaic ealaíonta de Bhréanainn naofa

Agus a naomhóig bhéaloscailte
Taobh na haltóra san eaglais ársa.

(Otranto)

Físí ab ea Danny a raibh An Cruthaitheoir, an duine agus an dúlra fite go dlúth ina chéile mar aonad ealaíonta álainn amháin. Ar nós na misteach i ngach aon chultúr ar domhan, bhíodh sé coitianta ag slogadh na diagachta agus na filíochta ón áilneacht a bhain leis an ruidín is lú, mar ghuardal Wilson a thainig chuige mar spiorad nó aingeal tríd an

gceo, nóisean a théann siar go dtí an litríocht agus go dtí an greideamh Ceilteach.

Foilsíodh samhail álainn do le linn aifrinn a bhí á rá ag Mons. Ó Fiannachta ar son anam Adam Juniewicz, Pólannach, ar scuab tonn farraige chun siúil é de Dhún an Chuasa, an 8ú Deireadh Fómhair, 2006:

Nuair a sheas gé fhian is a ceann fuithi

Go humhal is go hómósach

Ag bun an slipe

I mbéal na toinne

Ar Ché an Chuasa

Is dhein sí caoineadh beadaíola

Ag tabhairt le tuiscint

Gur teachtaire aonair í

Ó Chríost mac Dé.

Thug sí léim láidir

Is d'eitil os ár gcionn in airde

Suas i dtreo Fothair na Manach

Is os cionn Ghairdín na

Maighdine Muire.

Má mhaím gur mhisteach é, ní hé sin le rá ná go raibh a dhá chois ar an dtalamh aige mar is dual d'fear siúlóidí agus do threoraí oilte. I 2008/9, tar éis don dtíogar teitheadh ón dtír, bhí sé ar nós fáidh ag insint na fírinne i dtaobh na Margaí Falsa agus an tábhacht a bhaineann le bunriachtanaisí agus bunluachanna na beatha:

Is deas é an tine is rud le n-ithe.
(Téip/CD) (Margáí Falsa)

Is fiú féachaint ar ‘Faoiseamh Faoistine’ mar léiriú ar mheon is ar aigne an fhile. An babhta so, ní ina aonar atá sé ach é ag tabhairt cuiridh don léitheoir/ do pháirtí –

Mac nó iníon nó leannán tí
Athair, máthair, deartháir nó
deirfiúr,
Duine gaolmhar...

– teacht in éineacht leis ag siúl na bhfaillteacha mar a leigheasfar crá croí agus buairt. Meabhraíonn an dán so ‘Faoiseamh a Gheobhadsa,’ le Máirtín Ó Direáin agus ‘Fill Arís,’ le Seán Ó Ríordáin dom. Ar nós dáin an Ríordánaigh, tá an Modh Ordaitheach tríd síos: “Tair liom, Fan liom, Buail liom...” agus cosúil leis an nDireánach, tá faoiseamh agus sásamh aigne ar fáil don té a chaitheann tamall lena mhuintir ina dhúiche fhéin. I bhfios nó i nganfios, tá macallaí de dhán an fhile Chorcaíoch sna línte:

Le faobhar na faille siar
Siar síos go híor na speire
Dein d’fhaoistin ag Barra
Cruaiche
Dein t’fhaoistin is gheobhair
faoiseamh

Ní haon státseirbhíseach é Danny, áfach, ar thóir ‘an mhise istigh’ i measc phobal Ghaeltachta ar feadh ‘seal beag gairid’ le linn saoire an tsamhraidh, ná ní call dó a ‘intinn féin is [a] chló ceart’ a lorg ach chomh beag; bhíodar ann nuair a saolaíodh é agus bhíodar aige go dtí lá a bháis. Tar éis dó/dá pháirtí faoistin a dhéanamh leis an dtaobh tíre, leis na sléibhte agus le ‘muir na sinsearachta,’ agus a ‘rún a rá leis an dTriúr Deirféar,’ cuireann sé comhairle air féin/ ar a chompánach:

Fill thar n-ais ar do mhuintir
féinig
Agus gheobhair athair go
flúirseach failteach
Croí agus muintearas agus
éisteacht bhuan.

Agus an sásamh aigne sin go léir aige, óna thimpeallacht ina dhúiche fhein, cad a thug ar Danny tabhairt fés na héachtaí farraige go léir ó 1975 nuair a chuaigh sé timpeall chósta na hÉireann i naomhóg in éineacht le Jer ó Cíobháin go dtí gur shroich sé béal na Minho ar Iomramh an Chamino, 2017?

Mianach nó dúil san eachtraíocht a bhí ann nuair a saolaíodh é, chomh maith le roth na samhlaíochta a spreag é, ar lorg Bhréanainn is na manach a chuir chun farraige, gan mapa, gan compás, ach a greideamh diongbháilte i nDia na Glóire agus ina Láimh a bheith á stiúradh.

Cé hiad patrúin bhunaidh na
laoch is na bhfathach
Muran thusa agus mise,’ a
fhiafraíonn Nuala Ní
Dhomhnaill ina dán ‘Ag cothú
Linbh’.

Thar éinne eile, ’sé Danny patrún bunaidh na laoch, an gaiscíoch is mó le rá a tháinig ó Chorca Dhuibhne le fada an lá. Tá nodanna áirithe ina shaothar mar gheall ar shíol an laochais agus cathain a gineadh ann é:

Is maith is cuimhin liom
Nuair a bhíos im leinbhín
Cíocrach, amhrasach, fiosrach...

Bhí sé mar sin agus é timpeall a seacht nó hocht de bhlianta i rang a dó fadó, nuair a chuala sé na focail:

Atá beo i mo chuimhne..
Suite ar bhinse ag éisteacht go
géar
Is mé ag guí go fuíoch ó shin
anuas
Go mairfínn go mbraithfínn mé
féin sa Scairt..
(Scairt Phiarais)

Go deimhin, spor ab ea an véarsa a leagtar ar Phiaras Feirtéir agus é teanntaithe ag saighdiúirí Chromail sa scairt, a spreag é go dtí gur bhain sé féin amach an Scairt san Oileán Tiar.

Ina leabhar, *The Hero with a Thousand Faces*, cuireann Joseph Campbell síos ar chosán an ghaiscígh i scéalta móra na cruinne:

Fagann sé an baile agus an gnáthshaol ina dhiaidh ar thóir na heachtraíochta agus tír na n-iontas;

Gabhann sé trí thástáileacha ina dtriailtar é agus buaileann sé le cúntóirí lena linn a chuireann ar a chumas teacht slán;

Tagann sé thar n-ais ón Saol Eile tar éis an ceann is fearr d’fháil ar na constaicí agus na bacanna a bhí roimis agus roinneann sé an méid atá foghlamtha aige i dtaobh an tSaoil Eile – saol na síce agus na n-iontas, lena mhuintir agus a phobal féin.

Chomhlíon Danny na coinníollacha san don bpobal Duibhneach agus do mhuintir na hÉireann trí chéile nuair a tháinig sé thar n-ais slán óna thurasanna éagsúla farraige. A chomhartha san an seasca míle duine, ar an meán, a bhí ag faire Camino na Sáile, ar TG4 san Earrach i mbliana. Ní lú a ghaisce nuair a admhaíonn sé go raibh sé scanraithe, ach a mhalairt – tá tréith na macántachta mar bhunchloch ina shaothar próis, go háirithe, agus ina chuid filíochta, chomh maith; m.sh. taobh amuigh de Scairt Phiarais nuair nárbh fhéidir leis dul i dteagmháil lena dheirfiúr, Áine ar an bhfón póca:

Líonas de sceon is de sceimhle
De scanradh, d’uaigneas, d’uafás,
D’eagla, d’anbhá is de líonrith.
Bhráitheas an fhuil ag rith
Is m’fhéithleoga ar crith
Ach ní raibh ann ach spreang...

Bí cinnte de go raibh a laoch, Piaras Feirtéir leis, scanraithe nuair a sheas sé níos sia ná aon cheannaire eile, le cúpla céad fear i gcoinne fóirnirt agus chumhacht Chromail in Éirí Amach, 1641 go dtí 1653 nuair a crochadh é i gCill Áirne.

Fágfad an focal deiridh fé Danny ó dhán na hoscailte ag an bhFéile Bheag Filíochta, 2007, i dTigh Áine na Gráige:

Cuimhnímid ar na mairbh
Mar go bhfuil siad beo inár measc
Chun ná geobhmisne bás choíche
Ach go mbeimis leis beo go deo...



Andrew Jacob - *Briseann an dúchas ...*

Cé gur Meiriceánach é Andrew Jacob, iascaire, ealaíontóir, surfálaí, is ón mBlascaod Mór a shíolraigh a mhuintir, mar de shliocht An Rí, Peats Mhicí Ó Catháin é.

Úsáideann sé dathanna geala agus línte láidre troma ina chuid oibre ar mhaithe le foirmeacha dá chuid ealaíon a léiriú.

Sa tsraith is déanaí uaidh, tugann Jacob siar amach sa tsinsearachtaí sinn chun gnéithe draíochta de chultúr an Bhlascaoid a thaispeáint dúinn le péint spraeála, dúch, teicnící meáin mheasctha agus modhanna ealaíona comhaimseartha.

Ag dul siar ar a oidhreacht, deineann Jacob iniúchadh ar shaol an Bhlascaoid le taobh tíre, portráidí, teibíocht rithimeach, agus aislingí léirithe ar chanbhás. Úsáideann Jacob a chuid ealaíona ar mhaithe le homós a thabhairt do chultúr agus do mhuintear an Bhlascaoid, agus níl aon bhaol ná go bhfuil sé sin go smíor ann.



Andrew Jacob is an American artist, surfer, fisherman and descendent of the Blasket Island people. His work often employs vibrant colours and strong bold lines that powerfully carve out distinct forms .

In his most recent series, Jacob dives into the depths of his Irish ancestry to bring to life the magical and iconic aspects of Blasket culture through spray paint, inks, mixed media techniques, and contemporary methods of art.

By revisiting the spirits of his heritage, Jacob explores what life was like on the Great Blasket through landscape, portraits, rhythmic abstractions and dream scapes captured onto canvas. As a descendent of the islanders, Jacob uses his art to honour and sustain the Blasket culture, its people and their unique way of life which undoubtedly is in his blood.

Imeachtaí san Ionad le linn na Bliana 2017

- 11/02/2017 Imeachtaí Lá le Gobnait, arna eagrú ag Comharchumann Dhún Chaoin Teo Seoladh Leabhar ‘Logainmneacha Dhún Chaoin’
- 23/02/2017 Ceolchoirm: ‘Casadh na Gráige’ arna eagrú ag Scoil Cheoil an Earraigh
- 24/02/2017 Ceolchoirm 3: ‘Traidisiún Píobaireachta’ arna eagrú ag Scoil Cheoil an Earraigh
- 25/03/2017 ‘Dingle Pow Pow’ Comhdháil arna eagrú ag Féile Idirnáisiúnta Scannán an Daingin
- 29/04/2017 “Seacht mBua an Éirí Amach”, léamh dhátheangach ar réabhlóid an Chonairigh le Diarmuid de Faoite, Ceol álainn agus amhráin bríomhara na linne sin leis an amhránaí agus an veidhleadóir Nuala Ní Chanainn.
- 29/04/2017 Seoladh Taispeántas Pictiúirí le Andrew Jacob de shliocht ‘An Rí, Peats Mhicí Ó Catháin’
- 19/04/2017 Seoladh leabhar ‘Dún Chaoin: Oscail an Scoil’ le Colm Ó Snodaigh
- 30/05/2017 ‘Fís na Fuisioige’ scannán faisnéise le hAodh Ó Coileáin, á thaispeáint san Ionad do ghrúpa scoláirí (Oidhreacht Chorca Dhuibhne)
- 01/06/2017 Taispeántas cuilteanna le Nikki Foley agus The Sewing Shed.
- 06/06/2017 Comhdháil ag Coláiste an Chroí Ró Naofa (An Díseart)
- 10/06/2017 Cruinniú Poiblí faoi Thogra Píolótach chun smacht a chur ar an nGlúineach Bhorach i nDún Chaoin.
- 30/06/2017 Tionóil na gConchúrach. Teacht le chéile ag sliocht na gConchúrach ó Bhaile Eagraise ó dhúchas.
- 03/07/2017 Cúrsa Gaeltachta Chumann Bunmhúinteoirí Éireann, arna eagrú ag an gcaobh áitiúil.
- 05/07/2017 An scannán ‘The Crest’ á thaispeáint do shliocht An Rí, Peats Mhicí Ó Catháin.
- 22/07/2017 BBQ an Pharóiste arna eagrú ag Comharchumann Dhún Chaoin.
- 27/08/2017 Seisiún Traidisiúnta mar chuid de Sheachtain Oidhreachta. Ceol agus Amhránaíocht le hÁine Ní Laoithe, Jeremy Spencer, Siobhán Ní Neachtain, Róisín Ní Chéileachair. Rince ag Mícheál Ó Dubháin agus Victoria Breathnach agus scéalaíocht le Tomás Ó Lúing.
- 27/08/2017 Seoladh: Taispeántas Ealaíona le Elouise Flannery.
- 18/09/2017 ‘An Ghaeltacht: Na Chéad Chéimeanna Eile’ Cruinniú Poiblí arna eagrú ag Sinn Féin, An Teachta Peadar Tóibín agus An Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh.
- 22-24/09/2017 Ceiliúradh an Bhlascaoid 2017, ‘Leigheas na Muintire agus Sláinte an Phobail’ arna eagrú ag coiste Cheiliúradh an Bhlascaoid
- 23/09/2017 Seoladh: scannán nua, ‘An tOileán Tiar’, a bheidh mar chuid de thaispeántas Ionad an Bhlascaoid.
- 05/10/2017 Tionóil Dochtúirí Leighis ó Londain
- 10/10/2017 Buiséad 2017. Clár “7 lá” le Páidí Ó Lionáird á chraoladh beo do TG4.
- 23/10/2017 Ceolchoirm ag Leanaí Scoil Dhún Chaoin.
- 02/12/2017 Seisiún Ceoil mar chuid de ‘Other Voices’ arna eagrú ag foireann Other Voices.

*I rith na bliana bhí 10 searmanas pósta san Ionad.



I gcuimhne ar RAY STAGLES

Tá cara mór le Fondúireacht an Bhlascaoid imithe uainn ó fuair Ray Stagles bás thall i Sasana i rith dúluachair na Nollag, 2016. Tá laoch eile caillte i measc cairde is scoláiri an Oileáin Tiar.


The Blasket community lost a great friend and champion when Ray Stagles died during the dark Christmas period at the end of 2016.

Ray Stagles was born and brought up in Leyton, east London. He studied at University College London, evacuated to Aberystwyth, on the Welsh coast during the war and there met his future wife, Joan. They both took degrees in English in 1942.

“The keeper of the Celtic Manuscripts was Dr Robin Flower and he was also evacuated there, as were the manuscripts from the British Museum. He gave a talk to our society about the Blaskets and that’s where it all began.”

Ray served as a radar mechanic in the Fleet Air Arm until 1946. After the war, he taught in schools in Essex, then became a Head Teacher, first, in 1957, in Shropshire, then, from 1964, in Berkshire. In 1966, Ray and Joan first visited the Great Blasket Island and it was a turning point of their lives. They returned every year to the island, eventually buying "a roofless cowshed above the village" where they hoped to stay in the summers after they retired.

As Ray told journalist Ted Creedon during a visit to west Kerry in August 2010: "Joan became very interested in the Irish language and the history of the island and she started learning Irish. She translated Peig into English for herself, even before Bryan MacMahon’s translation was published. We came back year after year and we thought we’d like to have a place we could come to in the summers when we retired. After Joan’s death, I gathered up more information and then in



1981 *The Blasket Islands: Next Parish America* was launched and has had four editions.”

Is leabhar tábhachtach é seo le Ray is Joan Stagles, foilsithe ag O’Brien Press i gCorcaigh, mar d’oscail sé an doras go dtí scéal an Oileáin don a lán daoine in Éirinn is thar lear. Mar a deir O’Brien faoin leabhar: “A beautifully illustrated and compelling history of the life, traditions and customs of an isolated community that has now disappeared”.

D’fhoilsigh O’Brien Press *The Blasket Island Guide* le Ray Stagles in 1990 agus an dara eagrán in 2011 le Sue Redican.

An chéad uair a thugas óráid faoin mBlascaod, i 1981, bhíos ag labhairt sa John Boyle O’Reilly Club thall i Springfield. Bhí leabhar le Ray is Joan Stagles léite agam agus do spreag sé an síol ionam, gur cheart go mbeadh an tOileán aitheanta mar Pháirc Náisiúnta Stairiúil i gcuimhne ar na daoine a mhair ann is an oidhreacht a bhí tugtha acu dúinn.

Is maith is cuimhin liom an turas a thugas ar thigh Ray i Sasana le Pat

Cooke ón OPW nuair a bhíomar ag bailiú ábhair don Ionad sa bhliain 1991 is an fháilte fhial a chuir sé romhainn.

Fear bríomhar, dlíis, fuinniúil ab ea Ray. Thug sé ana thacaíocht is misneach do mo mháthair, Edna, agus dúinn uile sa bhFondúireacht le breis is tríocha bliain.

In addition to his Blasket passion, Ray’s many interests included education, hill walking, books, jazz, classical music, theatre, crosswords and scrabble.

We would like to thank Ray and his first wife, Joan for all their dedication, support and friendship in the past few decades. They continued on a great tradition of English scholars and “friends of the Blaskets”, in the footsteps of Robin Flower, George Chambers and George Thompson. Our sympathies to his partner, Barbara and to their many friends and family.

Beannacht Dé leo, ní dhéanfar dearmad ar Ray is Joan.

— Micheál Ó Cinnéide



Is mór an chailiúnt é Donnchadh Ó Corráin do Fhondúireacht an Bhlascaoid agus páirt á glacadh aige sa Ceiliúradh le blianta anuas.

Thug sé an léacht 'Na Lochlannaigh in Éirinn' i 2007, agus 'Móruaisle na Mumhan' i 2015 ag an 20ú Ceiliúradh. Tá an dá léacht foilsithe sna hirísí Ceiliúradh a Bhlascaoid 12 – Na Lochlannaigh agus Ceiliúradh an Bhlascaoid 20 – Aimsir na nUasal.

Tá Donnchadh Ó Corráin, duine de mhórscoláirí léann stair na hÉireann, ar shlí na fírinne.

Ollamh Emeritus le Stair na Meánaoiseanna i gColáiste na hOllscoile Corcaigh ab ea é a bhí aitheanta mar dhuine de na saineolaithe ba mhó ar domhan ar stair na hÉireann sna luath-mheánaoiseanna.

I measc na n-ábhar a mbíodh sé ag plé leo ina fhoilseacháin

Fathach de chuid léann na hÉireann ar lár agus Donnchadh Ó Corráin ar shlí na fírinne.

iomadúla bhí an tréimhse réamh-Normannach, cogaí na Lochlannach agus institiúidí, cultúr, dlíthe, litríocht agus foinsí stairiúla na luath-mheánaoise in Éirinn. Ba shaineolaí chomh maith é ar shanasaíocht ainmneacha na nGael agus bhí sé ina chomhúdar, lena bhean Fidelma Maguire, ar Irish Names inar bailíodh os cionn míle ainm Gaelach ó fhoinsí na staire agus na litríochta.

Clavis Litterarum Hibernensium, a foilsíodh i mbliana, an leabhar deireanach uaidh. Sa saothar sin cuireann sé síos ar gach téacs agus scríbhinn Éireannach ón mbliain 400 go 1600. I mbliana chomh maith a foilsíodh The Irish Church, its Reform and the English Invasion, saothar ina ndéanann sé athléamh radacach ar leasú na hEaglaise in Éirinn sa 12ú haois.

Ba as Cill Orglan i gCiarraí an Corránach agus ba thar teorainn i gCorcaigh a chaith sé formhór dá shaol mar scoláire. Bhain sé céim amach sa Ghaeilge agus sa Stair i gColáiste na hOllscoile Corcaigh i 1964 agus bhí sé ina Ollamh san Ollscoil sin nó gur éirigh sé as in 2007. Thug sé sealanna ag obair chomh maith in UCD, Cambridge, Pennsylvania, Oslo agus Oxford, mar

a raibh sé ina chomhalta de Balliol College.

D'fhan sé dílis don Ghaeilge ar feadh a shaoil agus bhí baint mhór aige le Gaeltacht Chorca Dhuibhne mar a raibh aithne mhór air. Chreid sé go láidir gur riachtanach d'aon staraí a bheadh ag plé le stair na tíre seo tuiscint a bheith aige ar an nGaeilge agus bunfhoinsí na Gaeilge.

Ba é a bhunaigh an iris Peritia, irisleabhar Acadamh na Meánaoiseanna in Éirinn agus d'fhógair lucht na hirise sin anocht go dtiomnófaí an chéad eagrán eile dó.

Ní raibh ansin ach léiriú amháin ar an meas air a léirigh a chomhghleacaithe san aos léinn agus iarscoláirí dá chuid aréir agus scéal a bháis á scaipeadh i bhfad agus i gcéin.

Méala mór a bhás dá bhean Fidelma (Maguire), dá gclann Tiarnán, Saorla, Gormla agus Aengus, dá ngarchlann Tadhg agus Oscar, dá dheartháireacha agus dá dheirfiúracha Humphrey, Patrick, Teddy, Séamus, Thomas, John, Noreen agus Paschaline agus dá ghaolta agus cairde uilig.

– le caoinchead *tuairisc.ie*

Baill na Fondúireachta • Members of Foundation

Bíonn An Caomhnóir á dháileadh tríd an bpost go baill na Fondúireachta agus an costas clúdaithe lena dtáille ballraíochta.

Ar eagla go bhfuil dearmad déanta ag daoine maidir le táille bliantúil ballraíochta a dhíol, seo thíos a leanas na baill atá díolta suas go 8 Samhain 2017:

An Caomhnóir is dispatched to members of Fondúireacht an Bhlascaoid, the cost of which is covered by their membership.

As some may have forgotten to update their yearly membership, below are listed members who have paid up to 8 November 2017:

Timothy Allen, 14 Newtown Rd, Springfield Mass. 01118.
Máire Begley Ó Sé, Liosnagroí, Caisleán an Ghriaghre, Trá Lí, Co. Chiarraí.
Máire & Traolach Brughá, Bun na Fána, Baile na Rátha, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.
Déirdre Brughá Stuart, "Dromahill", Br. Chill Mochuda Uacht., Dundroma, B.Á.C. 14
Brendán Caball, 79 Cnoc Maoile, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Gerald & Maureen Carney Hayes, 71 Blue Spruce Way, Mashpee, MA 02649, U.S.A.
Caitlín & Christóir Corduibh, Baile an Éanaigh, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.
Hans de Belder, Koningin Astridlaan 492/1, 1950 Kraainem- Belgium.
Micheál de Mórdha, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí, V92X3K7.
Mrs Trudy Enright, 54 Skircoat Moor Road, Halifax, HX3 0HA, England.



- Bernie & Muiris Firtéar, Fán, Ceann Trá, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Pádraig & Beítí Firtéar, Fán, Ceann Trá, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Gertie Foley(Buffer), 50 Grange Wood, Rathfarnham, Dublin 14.
 Eithne Frost, 34 Páirc Grosvenor, Ráth Maonais, B. Á. C. 6.
 Gaelachas Teo., Gleann Maghair, Co. Chorcaí.
 Micheál Grainbhéal, Sráid Eoin, An Daingean, Co. Chiarraí.
 Gary Granville, 18 Rathfarnham Park, B.Á.C.14.
 Catherine Holmes, Lickadoon, Ballyneety, Co. Luimní .
 Áine Hyland, 37 Mapas Road, Dalkey, Co. Dublin.
 Moss Kerwick, Rock Hill, Bruree, Co. Limerick.
 Daithí Kimber, 39 Faiche an Ghréagáin, Port Láirge, Co. Phort Láirge X91HD5W.
 Liam Mac Amhlaigh, 178 Caisleán Réabóige, Cluain Sceach, B.Á.C. 14.
 Feargal & Áine Mac Amhlaibh, Baile na Rátha, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Eoghan Mac Aogáin, 18 Bóthar Cárthaigh, An Chabhach, B.Á. C. 7.
 Marcas Mac Domhnaill, Baile na hAbha, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Máiréad & Pádraic Mac Donncha, Ráth Cairn, Áth Buí, Co. na Mí.
 Séamus Mac Gearailt, Cillín, Páirc na Dara, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Seán Mac Gearailt, "Barra Binne", Baile Odhráin, Caisleán Uí Liatháin, Mainistir Fhearmaí, Co. Chorcaí.
 Seosamh Mac Ionnrachtaigh & Anis J. Olender, 11, Croí an Bhaile, Cill Mhíchíl, Cill Rois, Co. an Chláir, V15 WD63.
 Cróine Magan, 14 Ascal Carlisle, Domhnach Broc, B.Á.C.4.
 John Mannion, Lakeside Park, Loughrea, Co. Galway.
 Leslie Matson, Newtown Villa, Port Láirge, Co. Phort Láirge.
 An tEaspag William Murphy, 2 Cathedral Place, Killarney, Co. Kerry.
 Una Murphy, Bon Soleil 1, 26 CH. des Jargilières, D1210 Ferney-Voltaire, Ain, France, Máire Úna Ní Bheaglaioich, 7D Aonach Mhargadh na Feirme, B.Á.C. 7.
 Doireann Ní Bhriain, 2 Cúirt Palmerston, Ráth Maonais, B.Á. C. 6.
 Máirín Ní Bhroin Uí Thuama, Cloichear, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 An tSiúr Eibhlín Ní Challanáin, Clochar na Trócaire, An Tulach, Co. an Chláir.
 Caitlín Ní Chaomhánaigh, 2 Garrán an Ghoirt Aird, Cathair Sailí, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Mai Ní Chinnéide, Dún an Óir, Roscré, Co. Thiobraid Árann.
 Máire Ní Chonchubhair, 64 Belgard Downs, Bóthair Bhaile an Róstaigh, Corcaigh.
 Déirdre Ní Chonghaile, Cill Mhuirbhígh, Cill Rónáin, Oileáin Árainn, Co. na Gaillimh.
 Christina Ní Dheaghaidh, 14 Killakee Lawns, Firhouse, B.Á.C. 24.
 Máiréad Ní Dhubhda, Baile na Leacan, Clochán- Bréanainn, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Susan Ní Dhubhlaioich, 86 The Northumberlands, Sráid an Mhóta Íocht, Baile Átha Cliath 2.
 Carmel Ní Ghuithín Uí Chionnaith, "Suaimhneas" Carn Mór, Uarán Mór, Co. na Gaillimhe.
 Caitlín Ní Mhaoldomhnaigh, Gort a gowan, Gleannraoi, An Fhiacail, Co. an Chláir.
 Tracey Ní Mhaonaigh, Roinn na Nua Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad, Má Nuad, Co. Chill Dara.
 Dáiríne Ní Mheadhra, 134 Pearson Avenue, Toronto, Ontario, Canada M6R1G5.
 Brenda Ní Shúilleabháin, Baile an Liaigh, Ceann Trá, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Máirín Nic Eoin, 184 Céide na Raithní, Port Mearnóg, Co. Bhaile Átha Cliath.
 Séamus Ó Bambaire, Bóthar an Phoist, Daingean Uí Chúis, Co. Chiarraí.
 Seán Ó Braonáin, 92 Br. San Labhras, Cluain Tarbh, B.Á.C. 3.
 Antoine Ó Broin, Leabhair Ghaeilge, Kilrane, Co. Wexford.
 Fionnbarra Ó Brolcháin, 2 Plásóg an tSrutháin, Ascaill Chnoc Mhuirfean, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.
 An Dr. Conchúir Ó Brosnacháin.
 Aingeal Ó Buachalla, 33 Cnoc na Sí, An Charraig Dhubh, Co. Bh.Á.C..
 Colm Ó Catháin, Fionntrá, 78 Rush Road, Skerries, Co. Dublin.
 Roibeard Ó Cathasaigh
 f/ch Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh, Luimneach.
 Lís & Donncha Ó Ceileachair, Baile na Rátha, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Dónal Ó Céilleachair, 8 Tivoli Road, London N8 8RE , U.K.
 Gearóid Ó Cinnéide, Baile an Mhúraigh, Baile na nGall Trá Lí , Co. Chiarraí.
 Lorcán Ó Cinnéide, Baile an Mhúraigh, Baile na nGall, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Micheál Ó Cinnéide, Ballysampion, Killinick, Co. Wexford.
 Muiris Ó Cléirigh, Cnoc Garbh, Lr. Killeens Rd., An Bhlárna, Co. Chorcaí.
 Seán Ó Coileáin, Scoil na Gaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.
 Tadhg Ó Coileáin, "Killary", Abha na Dála, Daingean Uí Chúise, Co. Chiarraí.
 Maeibhdh Ó Colmáin, 4, ascal na hUamha, Baile an Bhóthair Co. Átha Cliath.
 Michéal & Cecilia Ó Conaill, Gort an tSamhraidh, Eochail, Co. Chorcaí.
 Brendán Ó Conaire, 265 Ascaill Chrann Teile, Martello, Port Mearnóg, Co. Bh. Átha Cliath D13 KH30.
 Dónall Ó Conchubhair, 20 Meadow Vale Close, Raheen, Limerick.
 Boscó Ó Conchúir.
 Doncha Ó Conchúir, Baile 'n Ghleanna, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Pat O'Connor, Ballinasig, Dingle, Co. Kerry.
 Lorcán Ó Cuinneagáin, 187 The Spinnaker, Cé Árainn, B.Á.C. 7.
 Orla & Conall Ó Domhnaill, "Cuan Mara", Ros Muine, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo, Caitlín & Seán Ó Dónaill, 37A Faiche an Ráschursa, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Fionn Ó Gráda, 5 Clós Ghort na Mara, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.
 Micheál Ó Hallmhuráin, 45 Ashbourne Village, Cathair Phort Láirge.
 An tAthair Raphael Ó hAllmhuráin, Blessed Sacrament Chapel, 20 Bachelors Walk, Dublin 1. DO1 NW14.
 Pádraig Ó Héalaí, Aille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
 Gearóid Ó hEarcáin, Cluain Rámhfhada, Inis, Co. an Chláir.
 Micheál Ó hÓsáin, 675 Feeny Road, Dungiven, Co. Dhoire BT 474 SU.
 Seán Ó Laoithe, Coarliss, Ráthluirc, Co. Chorcaí.
 Gearóid Ó Laoghaire
 Clochar Bhriain, Tr á Lí, Co. Chiarraidhe.
 Peadar Oman, 18518 Morris Avenue, Homewood, Illinois, 60430 U.S.A.
 Noel & Caitlín Ó Maoileoin, Na Gorta Dubha, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Pádraig Ó Mathuna, Baile an Teampaill, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Pádraig Ó Muircheartaigh, 97 Bóthar Bhinn Mhadagáin, Droimneach, B.Á.C.12.
 Thomás Ó Muircheartaigh, Brí, Inis Córthaigh, Co. Loch Garinanáa.
 Máire & Ciarán Ó Murchú, "Tearmann", Baile na hAbha, Dún Chaoin, Co. Chiarraí.
 An tAthair Pádraig Ó Murchú, 39-6 Ma Reuk Dong, Kwangju, Korea 502.157.
 Pádraig Ó Riain, Scoil na Gaeilge, Coláiste Ollscoile Chorcaí, Corcaigh.
 Tomás Ó Sé, 5 Carraig Mhór, An Turlach Mór, Co. na Gaillimhe HS5 TN56.
 Tadhg Ó Síocháin, Carraig na gCrochairí Mainistir Fhear Maí,, Co. Chorcaí.
 An tAthair Pádraig Ó Siochrú, Máistir Gaoithe, Uíbh Ráthach, Co. Chiarraí.
 Breeda O Sullivan, Dundullerick, Leamcara, Co. Cork.
 An tOllamh Míarsí Ó Suilleabháin, Ollscoil Luimní, Luimneach.
 Seosamh Ó Suilleabháin, 5 An tArd, Baile an Easpaig, Corcaigh.



Dr. John Quill, Castle Lawn, Ballyheigue, Tralee, Co. Kerry.
 Pól Ruiséal, 6 Berkeley, An Charraig Dhubh, Corcaigh.
 Jim Ryan, Cois Deirg, Garrykennedy, Portroe, Nenagh, Co. Tipperary.
 Cathal Talbóid, 43 Páirc na Móna Bána, Cill Chuilinn, Co. Chill Dara.
 Máire Uí Ainín, Cloichear, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Bríd Bn. Uí Almháin, 5 Birchcliffe, Hebden Bridge, West Yorks, HX7 8 JA,
 England.
 Nuala Uí Aimirgín, 24 Páirc Moyola, Caisleán Nua, Gaillimh.
 Maebh Uí Ainiféin, An Cheathrú, Dúnchaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Seán Ua Cearnaigh, Ard Aoibhinn, Gort na Silíní
 Inis Córthaigh, Co. Loch Garman.
 Nóirín Uí Chatháin, "Seoid", Bóthar na hAille, Baile an Bhuinnéanaigh,
 Co. Chiarraí.

Edna Uí Chinnéide, Baile an Mhúraigh, Baile na nGall, Trá Lí, Co.
 Chiarraí.
 Máirín Uí Chíobháin Ní Shuilleabháin, An Creagh Bhuí, Baile Chláir na
 Gaillimhe, Gaillimh.
 Máire Uí Choileáin, 7 Glencarrig, Two Mile Borris, Thurlas, Co.
 Tipperary.
 Máirín Uí Fhainnín, Dúbhadh, Droichead Átha, Co. na Mí.
 Máire Uí Murchú, 14 Carrigeendaniel, Tralee, Co. Kerry
 Áine Uí Réagáin, 53 Estát Uí Mhúscraí, Baile an Chollaigh, Co. Chorcaí.
 Máirín Uí Shé, Cathair a'Treanntaigh, Ceann Trá, Trá Lí, Co. Chiarraí.
 Séamus Ware (R.I.P. 2017), 8 Ophaly Court, Dún Droma,, B.Á.C. 14.

Tá foirm iarratais ar bhallaíocht agus clúdach faoi iamh san eagrán seo.

Is eagraíocht dheonach charthanachta í Fondúireacht an Bhlascaoid a bhíonn ag brath an an bpobal.

Cuirfead fáilte chomh maith roimh shíntiúis do Sparánacht an Bhlascaoid tríd an gcóras céanna

An application for membership with return envelope is included in this edition.

Fondúireacht an Bhlascaoid is a non-profit charitable organisation which depends on public support.

Contributions towards Sparánacht an Bhlascaoid are also welcome through this payment system.

Chaith Sigríd Gutwein-Meyer mí san oileán i 2004. D'oibrigh sí sa chaidé le Ute agus Anna. Um thráthnóna agus na laethanta nach raibh na báid ag rith, shiúladh sí an t-oileán.

© 2004 S Gutwein-Meyer

Blasket, mein Blasket

Oh Blasket, mein Blasket, du bist mir ein Ort;
 für mich als Gestresstem ein friedvoller Hort.
 Hier finde ich Ruhe abseits vom Lärm,
 komm her immer wieder und immer sehr gern.
 Man fällt hier ganz auf sich selbst zurück,
 der Ballast schwindet, Stück für Stück.
 So atme ich auf, bin bedingungslos frei,
 als ob hier Magie am Werke sei.

Oh Blasket, mein Blasket, du bist mir ein Ort;
 für mich und die Seele ein heilender Hort.
 Die geschundene Seele tief drinnen in mir
 entwickelt für alles ein neues Gespür.
 Sie hat wieder Raum, Gefühl zu empfinden,
 Liebe und Angst neu zu ergründen,
 Mut zu entwickeln, Motivation,
 Weitsicht und Klarheit statt Resignation.

Oh Blasket, mein Blasket, du bist mir ein Ort;
 für mich und den Geist ein belebender Hort.
 Mein Geist wird erfrischt, kann neu mich lenken
 und lässt mich Gedanken zu Ende denken;
 stellt mich für den Alltag neu bereit,
 eine neue Kraft macht sich bald breit.
 Du stärkst mir den Körper, die Seele, den Geist,
 ich bin nicht umsonst hierher gereist.

Oh Blasket, mein Blasket, du bist mir ein Ort;
 für immer und ewig mein bleibender Hort.

A Bhlascaod, mo Bhlascaod

A Bhlascaoid, mo Bhlascaod, is tearmann thú domsa;
 mise trína chéile, áit shuaimhneach.
 Is anseo a fhaighim síocháin, mé scartha ón torann,
 ag filleadh ort an t-am go léir agus le háthas orm i gcónaí.
 Aimsím bealach chun dul go dtí mo chroílár inmheánach,
 tagann laghdú ar an ualach, de réir a chéile.
 Dá bharr, scaoilim osna fhaoisimh, táim saor gan choinníoll,
 amhail go bhfuil draíocht mórthimpeall na háite seo.

A Bhlascaoid, mo Bhlascaod, is tearmann thú domsa;
 dom féin, do m'anam, láithreán leighis.
 An t-anam cráite go domhain laistigh,
 tagann chuige tuiscint úr faoi gach rud.
 Aimsíonn sé spás arís, chun na mothúcháin a bhraith athuair,
 chun an ghrá agus imní a bhlaiseadh arís
 chun misneach agus spreagadh a athfhás,
 fadbhreathnaitheacht agus soiléireacht in ionad amhras lag-chroíúil.

A Bhlascaoid, mo Bhlascaod, is tearmann thú domsa;
 domsa agus dom sprid, áit aoibhinn a chuireann saibhreas i mo shaol,
 An sprid athnuaite, ábalta bealaigh nua a aimsiú
 agus a ligean do na smaointe teacht ar chonclúidí tairbheacha,
 a neartaíonn mé chun tabhairt faoi ghnáth- thascanna an tsaoil
 agus a chabhraíonn liom fuinneamh nua a aimsiú laistigh.
 Neartaíonn tú an corp, an t-anam, an sprid.
 Ní cur amú ama a bhí sa turas seo go dtí an Blascaod.

A Bhlascaoid, mo Bhlascaod, i gcónaí riamh
 beidh tú ina thearmann domsa agus do mo sprid fháin.



Pádraig Ó Mathúna agus Frances Uí Chinnéide ag Ceiliúradh an Bhlascaoid.

Máire Ní Iarlaithe, Aogán Ó Iarlaithe, Ruaidhrí Ó Faoláin agus Máirín Ní Laoithe-Uí Shé ag an gCeiliúradh.



Leanaí Scoil Dhún Chaoin ag Ceolchoirm na Scoile.

Foireann Snámh na Saoirse san Ionad

Chun tosaigh: Áine Moynihan (stiúirthóir), Mollie Loibhéad (Cáit Ní Chriomhthain), Máire Uí Bheaglaioich (bainistíocht stáitse);

Laistiar: Maggie Breen (fuaim agus bainistíocht léirithe), Róisín Ní Chéileachair (oibriú soilse), Iarflaith Ó Murchú (Domhnall Ó Criomhthain), Feargal Mac Amhlaoibh (fídl), Zoë Uí Fhaoláin (Eibhlín Nic Niocail), Lílí Ní Chonchúir (consairtín), Áine Ní Mhuirheartaigh (Méiní Céitinn Uí Dhuinnshléibhe).

